An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2021

*Neamhspleáchas*
*Nuálaíocht*
*Cosaint do Thomhaltóirí*
*Trédhearcacht agus Cuntasacht*

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

## Is í seo ár bhFÍS:

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) a fhorbairt ina chomhlacht rialála atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus a bhfuil an cumas aige leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

## Is é seo ár MISEAN:

An soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí sa Stát.



# Clár Ábhar


**1. Réamhrá**

| | |
|---|---|
| Cé Sinn, Na Nithe a Dhéanaimid, Ár gCuspóirí | 5 |
| Brollach ón gCathaoirleach | 8 |
| Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 10 |
| Plean Straitéiseach 2019-2022 | 13 |
| 2021 ar Sracfhéachaint | 14 |

**2. Conas a Rialálaimid**

| | |
|---|---|
| Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh | 16 |
| Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán | 27 |

**3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid**

| | |
|---|---|
| Tuarascálacha Taighde agus Moltaí | 32 |
| Cumarsáid agus Caidreamh | 35 |

**4. Rialachas agus Bainistíocht**

| | |
|---|---|
| Comhaltaí den Údarás | 38 |
| Gníomhaíochtaí an Údaráis | 44 |
| Socruithe Rialachais | 47 |
| Forbairtí Eagraíochta | 53 |
| An Fhoireann Ardbhainistíochta | 57 |

**Aguisíní**

| | |
|---|---|
| Aguisín 1: Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2021 | 60 |

# Ár Luachanna

Is iad bunluachanna a threoraíonn obair ÚRSD mar chomhlacht seirbhíse poiblí:




## Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fheidhmeanna an Údaráis sa bhliain 2021 chuig an Aire Dlí agus Cirt agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht. Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Faoi alt 21(1) den Acht, ní mór an Tuarascáil Bhliantúil seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain. Is í seo an séú Tuarascáil Bhliantúil ó ÚRSD.





# 1. Réamhrá

## Cé Sinn

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 chomhalta arna gceapadh de réir alt 9 den Acht. Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó na deich n-eagraíocht seo a leanas:

- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- An tÚdarás um Ard-Oideachas (Higher Education Authority)
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
- Cumann Onórach Óstaí an Rí
- Dlí-Chumann na hÉireann

Ainmníonn na comhlachtaí ainmniúcháin duine amháin acu an ceann lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an Údarás, cé is moite den Dlí-Chumann, a cheapann beirt acu lena gceapadh. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus tomhaltóirí. Tá tromlach agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Le linn dó duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní mór gur deimhin leis an Rialtas go bhfuil eolas agus saineolas aige nó aici ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

- seirbhísí dlí a sholáthar;
- an t-oideachas dlí agus an oiliúint dlí;
- dlí agus beartas iomaíochta;
- caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- déileáil le gearáin i gcoinne comhaltaí de ghairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- ábhair ghnó agus tráchtála;
- riachtanais tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rúnaí don Údarás agus foireann ÚRSD a chuireann feidhm feidhmiúcháin ÚRSD i gcrích. Is é an Dr Brian Doherty an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus is é Ultan Ryan an Rúnaí.

## Na Nithe a Dhéanaimid

Cuirtear de chúram ar an Údarás um Rialáil Seirbhísí Dlí soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá aon fheidhm déag ag an Údarás faoi alt 13 den Acht. Is iad sin:

1. **Soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.**
2. **Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ina leith:**
   a. **na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;**
   b. **infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear oiliúint leanúnach le haghaidh ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí;**
   c. **beartais i ndáil le daoine a ghlacadh agus/nó beartais an Dlí-Chumainn, Chomhairle an Bharra agus Chumann Onórach Óstaí an Rí i ndáil le daoine do theacht chun bheith i dteideal cleachtadh;**
   d. **cóid ghairmiúla;**
   e. **mar a eagraítear soláthar seirbhísí dlí sa Stát.**
3. **Faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear thuas a mhéid is cuí leis an Údarás.**
4. **An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a shonrú de réir an Achta.**
5. **Córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun críocha an Achta.**
6. **Gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.**
7. **Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil.**
8. **Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.**
9. **An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.**
10. **Taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnamh a thabhairt ina leith, is taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh feabhsú ar chaighdeáin le haghaidh sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire.**
11. **Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.**





## Ár gCuspóirí

Leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, sé chuspóir reachtúla de chuid an Údaráis, arb iad ár bprionsabail oibriúcháin iad go bunúsach. Is iad sin:

1. **Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.**
2. **Tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais.**
3. **Leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.**
4. **An t-iomaíochas a chur chun cinn i soláthar seirbhísí dlí sa Stát.**
5. **Gairm dlí neamhspleách láidir éifeachtach a spreagadh.**
6. **Comhall na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí a shonraítear san Acht a chur chun cinn agus a chothabháil.**

## Giorrúcháin agus Téarmaí a úsáidtear sa Tuarascáil seo

**Dlí-Chleachtóir**

Aturnae cleachtach nó abhcóide cleachtach (lena n-áirítear iaraturnae nó iarabhcóide agus gnólacht aturnaetha)

**LPDT**

An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

**CDTanna**

Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

**An tAcht**

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015

**Probháid**

An próiseas ina ndéantar iarratas chuig an gcúirt ar dheonú lena dtugtar teidlíocht do dhuine nó do dhaoine chun eastát duine éagtha a riar.

**Gealltanas**

Gealltanas, atá ina cheangal dlí, chun rud éigin a dhéanamh nó gan rud éigin a dhéanamh. I gcomhthéacs gearán, is comhaontuithe sonracha iad atá deimhnithe i scríbhinn ag aturnaetha.

**Mainneachtain tabhairt ar láimh**

Mainneachtain comhaid, gníomhais teidil, etc., a thabhairt ar láimh nuair atá siad ag teastáil.

**Mainneachtain cuntas a thabhairt**

Neamhghníomh ag dlí-chleachtóir cuntais chuí iomlána a thabhairt ar airgead arna shealbhú agus arna fháil.

# Brollach ón gCathaoirleach

Thar ceann an Údaráis, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí don bhliain 2021 a chur i láthair. Is í seo an séú tuarascáil bhliantúil ón Údarás, agus breathnaítear siar inti ar bhliain dhoilígh eile fós inar lean ÚRSD, agus an chuid eile dár sochaí, ar aghaidh ag déileáil leis na dúshláin nach bhfacthas riamh a d'eascair as paindéim Covid-19.
Sa tuarascáil seo, tugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn a rinneamar ar na gníomhartha agus na spriocanna sa Phlean Straitéiseach 2019-2022 uainn a bhaint amach. Tá áthas orm a rá gurb amhlaidh, faoi dheireadh na bliana, a chomhlíon ÚRSD an-chuid de na gealltanais a tugadh sa phlean sin.

Le linn dó cloí go docht leis na srianta riachtanacha sláinte poiblí a tugadh isteach sa bhliain ar obair agus ar thaisteal, lean an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a dhualgas reachtúil agus ag déanamh dul chun cinn ar phríomhthosaíochtaí. Treoraítear an tÚdarás ina chuid oibre lena luachanna agus lena chuspóirí reachtúla.

## Ról formhaoirseachta an Údaráis

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huaire sa bhliain, agus corp suntasach oibre á thabhairt ar aghaidh aige chun leanúint le feidhmeanna ÚRSD a chur i gcrích agus a thógáil agus chun machnamh a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar réimsí le haghaidh soláthar seirbhíse níos fearr do thomhaltóirí agus do dhlí-chleachtóirí. De bharr shrianta riachtanacha Covid-19, cuireadh gach ceann de na cúig chruinniú sin ar siúl ar líne.

Tosaíocht le linn na bliana ba ea ról an Údaráis in éifeachtúlacht agus éifeachtacht ÚRSD a fhormhaoirsiú. Áiríodh leis sin an buiséad agus an Plean Gnó don bhliain 2021 a cheadú. Cistítear ÚRSD den chuid is mó trí thobhach ar na gairmeacha dlí. Le linn na bliana, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar leasuithe molta ar Acht 2015 chun an tsamhail tobhaigh atá ann cheana a choigeartú. Tá siad sin le hachtú i reachtaíocht atá le teacht. Is é an toradh a bheidh ar na hathruithe ná go dtabharfar soiléire maidir le gnéithe den tsamhail tobhaigh agus go gcuirfear ar chumas ÚRSD buiséadú agus pleanáil níos fearr a dhéanamh le haghaidh dúshláin airgeadais sa todhchaí.



An Dr Don Thornhill

Feidhm thábhachtach de chuid an Údaráis is ea a ról formhaoirseachta ina chinntiú go n-oibreoidh go héifeachtúil obair ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí a láimhseáil go neamhspleách. Chuige sin, fuair an tÚdarás an mioneolas is deireanaí go tráthrialta ón bhfoireann feidhmiúcháin ar an líon cásanna idir lámha agus ar an tréchur, ar thionchar shrianta Covid-19 agus ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun éifeachtúlacht agus comhlíonadh ár ndualgas reachtúil araon a chinntiú.

## Bunsprioc gearán

Ós rud é gur i mbun lánfheidhme anois atá an dá choiste gearán a bunaíodh sa bhliain 2020 agus gur bunaithe atá an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) agus go bhfuil sé ar tí éisteachtaí a thosú sa bhliain 2022, tá iomlán an struchtúir láimhseála neamhspleáiche gearán faoin Acht, beagnach, i bhfeidhm.

Ós é an comhlacht comharba ar an mBinse Araíonachta Aturnaetha agus ar an mBinse um Iompar Gairmiúil Abhcóidí é, bíonn LPDT neamhspleách go hiomlán ar ÚRSD le linn dó a fheidhmeanna faoin Acht a chur i gcrích. Breithneoidh sé gearáin faoi mhí-iompar a tharchuirtear chuige ó ÚRSD nó ó Dhlí-Chumann na hÉireann.

Cé go bhfuil LPDT ina eintiteas atá ar leithligh ó ÚRSD agus a bhfuil a áitreabh féin aige, soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil dó. Le linn na bliana, d'oibrigh ÚRSD agus LPDT i ndlúthchomhar ar Chomhaontú Seirbhíse idir an dá chomhlacht chun a chinntiú gur i bhfeidhm atá struchtúir chuí riaracháin agus rialachais agus tacaí cuí riaracháin agus rialachais.

Tar éis dhá bhliain a bhí lán de dhianghníomhaíochtaí tionscanta sular tháinig dúshláin éagsúla na paindéime chun cinn, is garsprioc shuntasach ba cheart a aithint é go bhfuil bonneagar gearán an Achta i bhfeidhm go hiomlán, beagnach, anois.

## Athruithe i gcomhaltas an Údaráis

Le linn na bliana 2021, d'imigh beirt chomhaltaí den Údarás agus tháinig beirt ainmnithe nua isteach ann. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Deirdre McHugh agus Stephen Fitzpatrick, na comhaltaí a d'éirigh as an Údarás, as a n-obair dhícheallach, a n-ionchur tábhachtach agus a gcomhairle chríonna agus iad i mbun oifige. Dá réir sin, fáiltím roimh Deirdre Malone mar ainmní de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chuig an Údarás agus roimh Shane Galligan mar ainmní de chuid Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí. Chuaigh an bheirt díobh isteach san Údarás le linn na bliana 2021. Fáiltím freisin roimh Shíona Ryan, a chuaigh isteach san Údarás mar ainmní de chuid an Údaráis um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí i mí Feabhra 2022. Ar an iomlán, is sásamh mór dom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den Údarás as a gcuid oibre le linn bliain dhúshlánach eile agus is mór agam déanamh amhlaidh.

## Breathnú ar aghaidh

Ag breathnú ar aghaidh dúinn, bliain thábhachtach eile don Údarás a bheidh sa bhliain 2022. Foilseoimid taighde ar na bacainní eacnamaíocha agus eile a mbíonn aturnaetha agus abhcóidí atá faoi oiliúint nó atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo. Áireofar leis sin moltaí le haghaidh an córas atá ann cheana a athchóiriú, faoi mar a d'iarr an tAire Dlí agus Cirt. Chomh maith leis sin, foilseoimid tuarascáil ar ghairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir, rud atá ag teacht sna sála freisin ar iarraidh ón Aire faoin Acht.

Níos moille sa bhliain 2022, déanfaidh an tÚdarás ceadú agus foilsiú ar an bplean straitéiseach trí bliana uaidh lena gcumhdófar na blianta ó 2022 go 2025. Táim ag súil le hobair i gcomhar le comhaltaí an Údaráis, le foireann thiomanta ÚRSD agus leis an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, de réir mar a shocraímid spriocanna feidhmíochta atá chomh huaillmhianach céanna agus réadúil ag an am céanna le haghaidh na mblianta atá le teacht.

**An Dr Don Thornhill**
**Cathaoirleach**

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Sa bhliain faoi athbhreithniú sa tuarascáil seo, lean ÚRSD lena ról rialála agus a fheidhmeanna rialála a mhéadú agus a chomhdhlúthú, agus é ag cur suas le constaicí phaindéim leanúnach Covid-19 agus na srianta gaolmhara ag an am céanna. Chinntigh foireann ÚRSD gur thángamar slán as deacrachtaí na bliana atá imithe thart, agus dul chun cinn suntasach déanta ar ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Tosaíocht le linn na bliana fós ba ea aire a thabhairt d'fholláine na foirne, le linn dúinn leanúint le hacmhainn na heagraíochta a fhorbairt ag an am céanna. Thugamar faoi thuilleadh forbartha eagraíochta mar chuid dár n-iarrachtaí ÚRSD a bhunú mar údarás rialála lánfheidhmiúil atá neamhspleách agus éifeachtach, agus ardleibhéal seirbhíse ar ardchaighdeán á sholáthar de réir caighdeán shainaitheanta thagarmharcáilte.

## Earcaíocht ar siúl chun acmhainn a thógáil

Ba go tapa a leanadh le hearcaíocht chun acmhainn a fhorbairt sna feidhmeanna uile, go háirithe san fheidhm gearán.

Ag deireadh na bliana, bhí 46 bhall foirne ag ÚRSD. Ba mhéadú 13 bhall foirne é sin ón mbliain 2020. Rinneadh an-chuid de na baill foirne nua a earcú, a ionduchtú agus a chur faoi oiliúint go cianda. Cuireadh oiliúint i réimsí éagsúla ar an bhfoireann ar fad. Áiríodh leo sin Cosaint Sonraí, Feasacht ar Mhíchumas, agus Saoráil Faisnéise.

Lean an chuid is mó de bhaill foirne ar aghaidh ag obair go cianda sa bhliain, agus tugadh tacaí breise isteach chun cur ar a gcumas obair go sábháilte agus go slán ón mbaile, agus á chinntiú ag an am céanna gur leanamar ar aghaidh ag soláthar ár gcroísheirbhísí.



An Dr Brian J. Doherty

## Ardráta dúnta gearán

Ba í an bhliain faoi athbhreithniú an dara bliain iomlán a bhí ÚRSD ag oibriú mar chomhlacht neamhspleách láimhseála gearán le haghaidh gearáin faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí. Mar a léirítear sa tuarascáil seo, láimhseáil ár bhfoireann gearán líon méadaithe fiosruithe agus líon méadaithe gearán araon sa tréimhse sin. Fuair an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach 1,599 ngearán san iomlán sa bhliain. B'ionann é sin agus méadú 12% ar an líon a fuarthas sa bhliain 2020.

Tá áthas orm a thuairisciú go raibh méadú an-suntasach ann freisin sa bhliain sa líon iomlán gearán a dúnadh. Dúnadh 1,343 ghearán sa bhliain. Dúntar gearáin ar roinnt cúiseanna: réitíodh go rathúil iad idir na páirtithe le cabhair ó ÚRSD, rinne ÚRSD cinneadh orthu nó rinne ceann amháin den dá choiste a bunaíodh faoin Acht cinneadh orthu. Chomh maith leis sin, dúntar gearáin ag céim luath den phróiseas láimhseála gearán má chinntear iad a bheith neamh-inghlactha.

Is é atá san ardráta dúnta gearán a tuairiscíodh sa bhliain ná toradh díreach ar iarrachtaí marthanacha na foirne feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí agus próisis láimhseála gearán a bheachtú le linn leanúint leis na caighdeáin is airde seirbhísí a sholáthar do thomhaltóirí agus do dhlí-chleachtóirí ag an am céanna. Is dea-fhianaise ar athléimneacht agus tiomantas na foirne gearán í an fhíric gur baineadh an méid sin amach laistigh de dhá bhliain ón uair a d'éirigh ÚRSD freagrach as láimhseáil gearán, agus é ag déileáil le dúshlán shrianta leanúnacha Covid-19 ag an am céanna.

Bhí méadú ann freisin sa bhliain sa líon gearán ar dhéileáil an dá choiste leithleacha a bunaíodh faoin Acht sa bhliain 2020 leo, mar atá an Coiste Athbhreithnithe agus an Coiste um Ghearáin. Dhéileáil an Coiste um Ghearáin le 75 ghearán mí-iompair san iomlán agus d'athbhreithnigh an Coiste Athbhreithnithe naoi gcinneadh san iomlán ó ÚRSD ar ghearáin faoi na caighdeáin agus na costais a bhaineann le seirbhísí dlí.

## Fás seasta sa líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

Rinne líon seasta comhpháirtíochtaí aturnaetha iarratas chuig ÚRSD le linn na bliana ar údarú chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta nó CDTanna. I mí na Samhna 2019, thug ÚRSD isteach an creat rialála le haghaidh údarú a thabhairt do chomhpháirtíochtaí aturnaetha oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. B'ionann an líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a údaraíodh ó shin i leith agus 365 cinn ag deireadh na bliana 2021. Tá freagrachtaí ag gabháil le dliteanas pearsanta dlí-chleachtóirí a theorannú. Áirítear leo sin árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla oibriúcháin Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe. D'oibrigh ÚRSD le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta údaraithe ar fud na bliana chun a chinntiú go gcomhlíonann siad a bhfreagrachtaí reachtúla.

## Cabhair ÚRSD don chomhlacht le haghaidh iarratais 'Abhcóide Sinsir'

Lean ÚRSD le cabhair riaracháin a thabhairt don Choiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta, a bunaíodh i mí Aibreáin 2020. Uair amháin sa bhliain, déanann ÚRSD, ag gníomhú dó thar ceann an Choiste Chomhairligh neamhspleách, fógairt agus éascú ar iarratais a fháil ó aturnaetha agus abhcóidí ar mian leo go ndeonófaí paitinn dóibh chun an teideal 'Abhcóide Sinsir' a úsáid. Go dtí an bhliain 2020, ní bhíodh aturnaetha i dteideal úsáid a bhaint as an teideal 'Abhcóide Sinsir', rud nach mbíodh forchoimeádta ach amháin d'abhcóidí.

## Taighde, for-rochtain agus caidreamh

Ó thaobh na cumarsáide de, leanadh go gasta lenár gcaidreamh ar líne le geallsealbhóirí seachtracha agus le geallsealbhóirí inmheánacha araon, cé gur cuireadh na gníomhaíochtaí uile ar siúl ar líne. Bhí áthas orm bheith in ann labhairt faoi obair ÚRSD ag roinnt imeachtaí ar líne, lenar áiríodh Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí i mí Dheireadh Fómhair agus an seimineár Gréasáin seolta i mí na Samhna le haghaidh an deichiú suirbhé bliantúil a dhéanann Smith & Williamson ar ghnólachtaí dlí.

Breisíodh an fhaisnéis gearán do thomhaltóirí ar ár suíomh Gréasáin agus bhunaíomar cuntas do ÚRSD ar an líonra sóisialta LinkedIn chun cur lenár gcaidreamh le dlí-chleachtóirí agus le geallsealbhóirí eile seirbhísí dlí. I measc na n-iarrachtaí éagsúla a rinneadh chun naisc a choinneáil ar bun idir baill foirne agus idir rannóga, chuireamar Dúshlán Céimeanna ar siúl don fhoireann, rud as ar tháinig iomaíocht shláintiúil dhian agus obair bhuíne.

Thug ÚRSD sa bhliain freisin faoi bhailiú fianaise le haghaidh dhá thuarascáil leithleacha ar iarr an tAire Dlí agus Cirt iad. Mar chuid de thuarascáil iarrtha ar na "bacainní eacnamaíocha agus eile" a mbíonn gairmithe dlí cáilithe óga ag déileáil leo, thug ÚRSD faoin gcéad suirbhé cuimsitheach uaidh riamh ar aturnaetha agus abhcóidí atá faoi oiliúint, ar aturnaetha agus abhcóidí atá tar éis a ngairm a thosú agus ar fhochéimithe dlí. Mar chuid den chleachtadh tábhachtach sin, fuair ÚRSD ionchur ríluachmhar ó dhaoine ar mhaith leo a bheith ina n-aturnaetha agus ina n-abhcóidí, ó aturnaetha sóisir, ó abhcóidí sóisir agus ó shaineolaithe acadúla ar tugadh cuireadh dóibh chun páirt a ghlacadh in dhá ghrúpa tagartha sheachtracha. Bhí deis agam le labhairt le baill den dá ghrúpa sin agus bhí mé tógtha lena saineolas, lena ndíograis agus le cé chomh mór agus is mian leo na conairí isteach sna gairmeacha a leathnú agus a éagsúlú agus déileáil le dúshláin tar éis gairm a thosú. Táim buíoch freisin as an gcabhair chineálta a fuarthas ón Dlí-Chumann, ó Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath, ó Bharra na hÉireann, ó Óstaí an Rí, ó chomhlachais bharra réigiúnacha, ó chomhpháirtithe gnólachtaí aturnaetha agus ón líon ard aturnaetha agus abhcóidí aonair a chabhraigh linn na suirbhéanna agus an taighde gaolmhar a dhéanamh. Gabhaim buíochas freisin leis na daoine sin a ndearnadh suirbhé orthu as an am a thógáil chun a n-eispéiris agus a mianta le haghaidh athruithe a chur in iúl do ÚRSD agus leis na daoine agus na heagraíochtaí sin a rinne aighneachtaí i scríbhinn le haghaidh na tuarascála tábhachtaí sin.

I gcás an dara tuarascáil a d'iarr an tAire, rud a bhaineann le gairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir, thug ÚRSD faoi chleachtadh mionsonraithe soláthair tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Buíochas le geallsealbhóirí agus leis an bhfoireann

Táim buíoch arís eile d'fhoireann agus lucht bainistíochta an Dlí-Chumainn, Bharra na hÉireann agus Óstaí an Rí as a gcúnamh cineálta leantach dár gcuid oibre, go háirithe le linn bliana ina raibh a gcomhaltaí féin ag déileáil le dúshláin leanúnacha ghairmiúla agus phearsanta agus cur isteach de dheasca na paindéime. Cé go gcosnaíonn ÚRSD a neamhspleáchas go diongbháilte, aithnímid nach féidir rialáil éifeachtach a bhaint amach gan teagmháil leanúnach a choinneáil ar bun leis na comhlachtaí gairmiúla agus le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear iad sin a scríobhann aighneachtaí i dtaca leis na comhairliúcháin éagsúla a sheolaimid.

Mar eagraíocht, is eol dúinn go mbeimid ag déileáil le hiarmhairtí na paindéime seo go ceann i bhfad. Freagróimid ar an dóigh chéanna a bhfreagraímid i ngach cás – trí obair dhícheallach, solúbthacht agus díograis de réir mar a shaothraímid ár ndualgais reachtúla, ár gcuspóirí agus ár luachanna. Gabhaim buíochas ó chroí le foireann dhícheallach ÚRSD as an obair a rinne sí san am atá thart agus as an obair a dhéanfaidh sí san am atá le teacht.

**An Dr Brian J. Doherty**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**





# Plean Straitéiseach 2019-2022

Sa Phlean Straitéiseach don tréimhse 2019-2022, leagtar trí thosaíocht straitéiseacha síos do ÚRSD. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach feidhmíocht ÚRSD i gcomparáid leis na tosaíochtaí sin le linn na bliana 2021.

## Tosaíocht Straitéiseach a hAon

ÚRSD a bhunú mar údarás rialála lánfheidhmiúil atá neamhspleách agus éifeachtach, agus ardleibhéal seirbhíse ar ardchaighdeán á sholáthar de réir caighdeáin shainaitheanta thagarmharcáilte.

## Tosaíocht Straitéiseach a Dó

Tabharfaidh ÚRSD nuálaíocht agus dul chun cinn isteach san oideachas agus san oiliúint, i nglacadh sa ghairm dlí, i samhlacha gnó um chleachtas dlí, sa rochtain ar cheartas ag an tomhaltóir agus i réimsí eile de sheirbhísí dlí, agus spreagfaidh sé an nuálaíocht agus an dul chun cinn sin.

## Tosaíocht Straitéiseach a Trí

Feasacht a mhéadú trí chumarsáid agus trí chaidreamh.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha seo mar bhonn lenár gcuid oibre sna réimsí seo a leanas:

- **Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh**
- **Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán**
- **Taighde agus Tuairisciú**
- **Cumarsáid agus Caidreamh**
- **Rialachas agus Bainistíocht**

# 2021 AR SRACFHÉACHAINT

## NA GEARÁIN UILE

**3,356** CINN DE GHLAONNA TEILEAFÓIN AGUS DE RÍOMHPHOIST INAR IARRADH FAISNÉIS AGUS/NÓ FOIRMEACHA GEARÁIN

**1,599** AN LÍON GEARÁN A FUARTHAS

**1,560** GEARÁN A BHAIN LE hATURNAETHA AGUS **39** gCINN A BHAIN LE hABHCÓIDÍ

**1,343** AN LÍON GEARÁN A DÚNADH

**398** AN LÍON GEARÁN A RÉITÍODH

**172** AN LÍON GEARÁN A TARRAINGÍODH SIAR

**615** AN LÍON GEARÁN NEAMH-INGHLACTHA

## ROLLA NA nABHCÓIDÍ CLEACHTACHA

**2,933** AN LÍON ABHCÓIDÍ AR AN ROLLA

MÉADÚ **110** DUINE Ó 2020

**2,180** AN LÍON ABHCÓIDÍ IS COMHALTAÍ DEN LEABHARLANN DLÍ

**753** AN LÍON ABHCÓIDÍ NACH COMHALTAÍ DEN LEABHARLANN DLÍ

## FOR-ROCHTAIN AGUS CAIDREAMH

LSRA

**36,322** AN LÍON DAOINE A D'ÚSÁID AN SUÍOMH GRÉASÁIN

CUNTAS NUA AR LINKEDIN – @LSRA

**465** AN LÍON LEANTÓIRÍ AR TWITTER

MÉADÚ **310%** Ó 2020

## NA COISTÍ GEARÁN

**10** AN LÍON COMHALTAÍ TUATA A CEAPADH CHUIG COISTÍ GEARÁN, MAR AON LE **5** AINMNÍ DE CHUID AN DLÍ-CHUMAINN

## CDTANNA

**106** AN LÍON COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA A ÚDARAÍODH

## TAIGHDE

**3** THUARASCÁIL REACHTÚLA

**3** CHOMHAIRLIÚCHÁIN REACHTÚLA

**AN CHÉAD** SUIRBHÉ CUIMSITHEACH AR ATURNAETHA SÓISIR AGUS AR ABHCÓIDÍ SÓISIR

## AN tÚDARÁS

**2** AN LÍON COMHALTAÍ NUA DEN ÚDARÁS

# 2. Conas a Rialálaimid

## Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh

Is í seo an tríú bliain a thugamar tuairisc inár dTuarascáil Bhliantúil ar ár n-obair láimhseála gearán. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh agus a imscrúdú an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

B'ann fós sa bhliain a bhí srianta áit oibre a bhain le Covid-19, ar srianta iad a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 2020 agus ba chúis le hathruithe sa dóigh a láimhseáiltear gearáin.

Tháinig méadú 12% ar an líon gearán a fuarthas sa bhliain, i gcomparáid leis an mbliain roimhe. B'ionann agus 28 nduine an líon iomlán ball foirne sa Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach ag deireadh na bliana 2021. Ba mhéadú é sin de naonúr i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Rinneadh gach duine de na baill foirne nua a earcú, a ionduchtú agus a chur faoi oiliúint go cianda. Tá sé beartaithe tuilleadh feachtas earcaíochta a reáchtáil sa chéad leath den bhliain 2022.

### Cineálacha Gearán

Faoi Chuid 6 den Acht, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán a ghlacadh:

- **gearáin á rá gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh;**
- **gearáin á rá gurb iomarcach a bhí méid costas a bhí á iarraidh ag dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí;**
- **gearáin á rá gurb ionann agus mí-iompar gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir.**

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar mhí-iompar san Acht agus áirítear leis aon ghníomh nó aon neamhghníomh a bhfuil calaois nó mímhacántacht i gceist leis nó ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Áirítear leis freisin soláthar seirbhísí dlí a bhí, go feadh méid substainteach, de chaighdeán neamhdhóthanach, nó costais atá thar a bheith iomarcach a iarraidh.

Ní fhéadfaidh ach cliant – nó duine atá ag gníomhú thar ceann cliaint – gearán a dhéanamh le ÚRSD i gcás go measfaidh an cliant gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh nó gurb iomarcach a bhí an méid costas a iarradh. Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh le ÚRSD faoi mhí-iompar líomhnaithe ag dlí-chleachtóir.

Maidir le gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht, rangaíonn ÚRSD iad ina raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairisciú a éascú. I gcás gearán ina líomhnaítear gur soláthraíodh seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach agus gur iarradh costais iomarcacha, mar shampla, taifeadtar iad de réir an réimse oibre atá i gceist, lena n-áirítear dlíthíocht, tíolacadh, probháid agus an dlí teaghlaigh. I gcás gearán ina líomhnaítear mí-iompar, taifeadtar iad faoi chatagóirí a bhaineann le cineál an ghnímh nó an neamhghnímh is cúis leis an ngearán. Léirítear sna staitisticí sa tuarascáil seo don bhliain 2021 an líon gearán a rinneadh de réir gach ceann de na trí chineál agus de réir an raoin catagóirí.

> “Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as bhur gcuid cabhrach sa ní seo. Ní dóigh liom go mbeadh freagra faighte agam sa ní seo mura rud é go ndeachaigh mé i dteagmháil le bhur seirbhís.”





### Tuairisc a Thabhairt ar Ghearáin

Faoi alt 73 den Acht, ceanglaítear ar ÚRSD tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a fheidhme gearán gach sé mhí. Foilsíodh dhá thuarascáil gearán sa bhliain 2021:

- **Tuarascáil 1 - 2021**
  *A foilsíodh an 7 Aibreán, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 7 Meán Fómhair 2020 go dtí an 26 Márta 2021*
- **Tuarascáil 2 - 2021**
  *A foilsíodh an 4 Deireadh Fómhair, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 27 Márta go dtí an 3 Meán Fómhair 2021*

Ós rud é nach bpléitear ach le gearáin sna tuarascálacha sin, déantar anailís níos mine ar staitisticí iontu ná mar a dhéantar anseo. Tá gach tuarascáil gearán ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

### Gearáin a Ghlacadh agus a Imscrúdú

Leagtar amach san Acht agus i Rialacháin ghaolmhara próisis reachtúla mhionsonraithe le haghaidh gearáin faoi dhlí-chleachtóirí a láimhseáil. Áirítear leo sin sraith spriocdhátaí reachtúla nach mór cloí leo.

Is é an chéad chéim de láimhseáil gearán go n-osclaítear comhaid mar fhiosruithe ar an gcéad dul síos. Iniúchann baill foirne sa rannóg gearán na comhaid sin ansin chun a chinneadh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann fiosrú na critéir le haghaidh gearáin. Is ionann an próiseas sin agus céim thábhachtach den phróiseas láimhseála gearán. I roinnt cásanna, is féidir leis méid suntasach comhfhreagrais a chruthú idir baill foirne sa rannóg gearán agus gearánaigh. Tá sé mar aidhm leis an gcomhfhreagras sin mionsonraí faoi na saincheisteanna arna dtarraingt anuas a shoiléiriú.

### Réamh-athbhreithniú ar Inghlacthacht Gearán

A luaithe a rangaítear fiosrú mar ghearán, ceanglaítear ar ÚRSD faoin Acht réamh-athbhreithniú a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an gearán inghlactha. Mar chuid den phróiseas sin, ní mór do ÚRSD fógra i scríbhinn a thabhairt don dlí-chleachtóir i dtaobh an ghearáin, cóip den ghearán a thabhairt don dlí-chleachtóir, agus iarraidh ar an dlí-chleachtóir freagra i scríbhinn ina mbeidh a thuairimí nó a tuairimí ar an ngearán a thabhairt. Féadfaidh baill foirne sa rannóg gearán tuilleadh faisnéise a iarraidh i scríbhinn ón ngearánach nó ón dlí-chleachtóir ag céim an réamh-athbhreithnithe freisin. I gcás gearán casta, is féidir go mbeidh roinnt babhtaí cumarsáide idir na páirtithe ag teastáil chun an próiseas sin a chur i gcrích.

### Gearáin a Réiteach ar Shlí Neamhfhoirmiúil

Molann ÚRSD go réiteofaí gearáin go luath i gcás gur cuí. Ceanglaítear ar ÚRSD leis an Acht cuireadh a thabhairt do na páirtithe iarracht a dhéanamh nithe a réiteach i dtaca le gearáin inghlactha a bhaineann leo seo:

- **seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach;**
- **costais iomarcacha; nó**
- **mí-iompar ab ionann é agus seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach go feadh méid suntasach, dá ndéanfaí é a shuíomh.**

Is idirghabhálaithe cáilithe atá creidiúnaithe ag Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann iad na baill foirne a fhéachann le gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil trí Phróiseas Réitigh Neamhfhoirmiúil ÚRSD.

Ag brath ar an gcineál gearán, i gcás go ndiúltaíonn na páirtithe do chuireadh ó ÚRSD teacht ar Réiteach ar shlí Neamhfhoirmiúil nó i gcás nach féidir gearán a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, tugtar an gearán ar ais sa phróiseas gearán ansin. An chéad chéim eile is ea go ndéanfaidh ÚRSD cinneadh ar an ngearán nó, i gcás gearán mí-iompair, tarchuirfear é chuig an gCoiste um Ghearáin.

D'ainneoin na ndianghlasálacha agus na srianta a bhí i bhfeidhm fós de dheasca phaindéim Covid-19, ba mhó an líon gearánach agus cleachtóirí a ghlac páirt sa phróiseas Réitigh Neamhfhoirmiúil sa bhliain 2021 ná an líon a rinne amhlaidh sa bhliain roimhe. Thairg ÚRSD Réiteach Neamhfhoirmiúil i 135 chás san iomlán. I gcás 96 ghearán, roghnaigh an cleachtóir nó an gearánach, nó an bheirt díobh, gan páirt a ghlacadh sa phróiseas, rud is ábhar imní. I gcás na 39 ngearán eile, roghnaigh na páirtithe páirt a ghlacadh i Réiteach Neamhfhoirmiúil. De na gearáin sin, réitigh na páirtithe 21 cheann le cabhair ó idirghabhálaithe oilte ÚRSD, agus dúnadh 20 ceann díobh. Níor dúnadh gearán amháin toisc gur ghá é a tharchur chuig an gCoiste um Ghearáin, áit ar dúnadh é ina dhiaidh sin. Níor réitíodh na 18 ngearán a bhí fágtha. Dá bhrí sin, rinne ÚRSD cinneadh orthu.

> “Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go háirithe le [ainm an bhaill foirne] as ár nglao a fhreagairt an lá faoi dheireadh. Ba mhór an chabhair í nuair a mhínigh sí an próiseas domsa agus do m'athair. Thaispeáin sí an-chineáltas agus an-fhoighne.”

## An Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe

Bunaíodh an Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe araon sa bhliain 2020 chun go mbeadh siad in ann a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Tá tromlach comhaltaí tuata ag an dá choiste.

Tá ag an gCoiste um Ghearáin 27 gcomhalta arna gceapadh ag an Údarás. Cuimsítear iontu sin: ochtar comhaltaí arna n-ainmniú ag an Dlí-Chumann; ceathrar comhaltaí arna n-ainmniú ag Barra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin); agus cúig chomhalta dhéag thuata arna gceapadh tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch.

Féadfaidh an Coiste um Ghearáin suí i gCoistí Rannacha atá comhdhéanta de thriúr nó cúigear comhaltaí. Déantar gearáin faoi mhí-iompar líomhnaithe a cinneadh a bheith inghlactha a tharchur chuig an gCoiste um Ghearáin lena n-imscrúdú. Bhí 34 shuí de chuid Choistí Rannacha an Choiste um Ghearáin ann sa bhliain 2021.

Tá ag an gCoiste Athbhreithnithe freisin 27 gcomhalta a dhéantar a ainmniú agus a cheapadh ar an mbealach céanna a dhéantar na comhaltaí den Choiste um Ghearáin a ainmniú agus a cheapadh, agus suíonn sé i ngrúpaí triúir. Athbhreithníonn an Coiste Athbhreithnithe cinntí ó ÚRSD ar ghearáin a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí nó le costais iomarcacha a ghearradh. Bhí trí shuí de chuid an Choiste Athbhreithnithe ann sa bhliain 2021.

Cuireadh dhá lá ionduchtúcháin agus oiliúna ar siúl sa bhliain do na 54 chomhalta den choiste. Le cabhair ó bhaill foirne ÚRSD, sholáthair oiliúnóir seachtrach ag a bhfuil taithí an oiliúint trí ardáin ar líne.





# Gearáin a Fuarthas sa bhliain 2021

Le linn na bliana, fuair an rannóg gearán 3,356 cinn san iomlán de ghlaonna teileafóin agus de ríomhphoist inar iarradh faisnéis agus/nó foirmeacha gearáin.

Ar an iomlán, d'oscail an fhoireann sa rannóg gearán 2,019 gcomhad fiosraithe sa bhliain 2021. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na comhaid sin, rangaíodh 1,599 gcinn díobh mar ghearáin agus cuireadh iad faoi réir an phróisis reachtúil mheasúnaithe réamh-inghlacthachta ansin. Ba mar fhiosruithe a déileáladh leis an 420 comhad fiosraithe a bhí fágtha, agus an rannóg gearán ag tabhairt cibé faisnéis nó cabhair a bhí sí in ann a thabhairt. Cé nach rangaítear na fiosruithe sin mar ghearáin, teastaíonn ó bhaill foirne ÚRSD obair shuntasach a chur isteach chun aghaidh a thabhairt orthu.

Faoi mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe, ba mhó i bhfad an líon gearán a fuarthas faoi aturnaetha ná an líon a fuarthas faoi abhcóidí sa bhliain 2021, rud a bhí ag teacht leis an bhfíric gur mó an líon aturnaetha atá ann agus gur mó an leibhéal teagmhála dírí atá acu le tomhaltóirí. Den 1,599 ngearán a fuarthas, bhain 1,560 ceann le haturnaetha agus bhain 39 cinn le habhcóidí. Féadfar roinnt gearán a dhéanamh i gcoinne an aon dlí-chleachtóra amháin. Léirítear i bhFíor 1 ar leathanach 22 an miondealú ar na gearáin a fuarthas de réir contae, bunaithe ar láithreacha oifige na ndlí-chleachtóirí.

Agus í cothrom le 1,090 gearán (68%), ba le mí-iompar líomhnaithe a bhain an chatagóir is mó gearán a fuarthas. Fuarthas 431 ghearán (27%) san iomlán ó chliaint maidir le caighdeáin neamhdhóthanacha líomhnaithe seirbhísí dlí. Fuarthas 78 ngearán eile (5%) ó chliaint a líomhain gur gearradh costais iomarcacha orthu.

Treochtaí a bhí coitianta fós sa bhliain 2021 ba ea treochtaí áirithe a sainaithníodh go luath inár n-oibríochtaí láimhseála gearán. Cé go mbíonn ag méadú ar an líon gearán a bhítear ag fáil, léirítear sa mhiondealú ar na cineálacha gearán a fuarthas go bhfuil treocht chomhsheasmhach ann. Leanann an líon gearán a bhaineann le mí-iompar líomhnaithe ar aghaidh ag méadú (agus é 33% níos airde ná mar a bhí sé sa bhliain roimhe), agus leanann an líon gearán a bhaineann le seirbhísí dlí a líomhnaítear a bheith de chaighdeán neamhdhóthanach agus le costais iomarcacha ar aghaidh ag laghdú (agus iad 13% agus 27% níos ísle faoi seach).


An treocht ab fheiceálaí sna gearáin faoi mhí-iompar a fuarthas sa bhliain faoi athbhreithniú ba ea an méadú géar sa líon gearán a bhaineann le mainneachtain cloí le gealltanas a tugadh do chomhghleacaí nó d'fhoras airgeadais. Leag ÚRSD béim ar a thábhachtaí atá sé go gcinntítear go gcloífear le gach gealltanas ar dhóigh thráthúil. Dá ainneoin sin, bíonn an chatagóir sin ag méadú fós. Fuair ÚRSD 81 ghearán den sórt sin sa bhliain 2020. B'ionann é sin agus 10% den líon iomlán gearán faoi mhí-iompar a fuarthas. Sa bhliain 2021, tháinig méadú ar an líon gearán den sórt sin go 352 ghearán, rud a bhí cothrom le 32% de na gearáin faoi mhí-iompar a fuarthas sa bhliain.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, cuid dhílis fós d'fhormhór na ngearán a fuarthas sna catagóirí uile a bhí i mainneachtain freagra a thabhairt ar chomhfhreagras agus a bhí i ndroch-chumarsáid.

> “Is íoctha atá aon airgead a bhí le híoc agus tá an ní réitithe anois. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil libh as bhur gcuid cabhrach leis an ní toisc go bhfuilim cinnte go mbeimis ag fanacht fós murach bhur n-idirghabháil.”

## Na Gearáin Uile


Agus í cothrom le 1,090 gearán (68%), ba le mí-iompar líomhnaithe a bhain an chatagóir is mó gearán a fuarthas. Fuarthas 431 ghearán (27%) san iomlán ó chliaint maidir le caighdeáin neamhdhóthanacha líomhnaithe. Fuarthas 78 ngearán eile (5%) ó chliaint a líomhain gur gearradh costais iomarcacha orthu.




| | | |
|---|---|---|
| Mí-iompar | **1,090** | (68%) |
| Seirbhísí Neamhdhóthanacha | **431** | (27%) |
| Costais Iomarcacha | **78** | (5%) |
| **IOMLÁN** | **1,599** | |

## Gearáin faoi Mhí-iompar

Den 1,090 gearán a fuarthas faoi mhí-iompar líomhnaithe, bhain 352 cheann (32%) le mainneachtain cloí le gealltanas a tugadh do chomhghleacaí nó d'fhoras airgeadais agus bhain 297 gcinn (27%) le hiompar ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Bhain 108 ngearán eile (10%) le mainneachtain comhad nó gníomhais agus doiciméid eile a thabhairt ar láimh, bhain 91 cheann le mainneachtain cumarsáid a dhéanamh, bhain 71 cheann le calaois nó mímhacántacht líomhnaithe agus bhain 62 cheann le mainneachtain líomhnaithe cuntas a thabhairt ar airgead cliant.





| | | |
|---|---|---|
| Gealltanas | **352** | (32.3%) |
| Míchlú a tharraingt ar an ngairm | **297** | (27.2%) |
| Mainneachtain tabhairt ar láimh | **108** | (9.9%) |
| Mainneachtain cumarsáid a dhéanamh | **91** | (8.3%) |
| Calaois nó mímhacántacht | **71** | (6.5%) |
| Mainneachtain cuntas a thabhairt | **62** | (5.7%) |
| Eile | **109** | (10.0%) |
| **IOMLÁN** | **1,090** | |





## Seirbhísí Dlí de Chaighdeán Neamhdhóthanach


Fuarthas 431 ghearán san iomlán á líomhain go raibh na seirbhísí dlí a soláthraíodh de chaighdeán neamhdhóthanach. Díobh sin, bhain 131 ghearán (30%) le dlíthíocht, bhain 98 gcinn (22%) le tíolacadh, bhain 66 cinn leis an dlí teaghlaigh agus bhain 65 cinn le riaradh eastát.




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | **131** | (30.4%) |
| Tíolacadh | **98** | (22.7%) |
| An Dlí Teaghlaigh | **66** | (15.3%) |
| Probháid | **65** | (15.1%) |
| Eile | **34** | (7.9%) |
| Coireacht | **24** | (5.6%) |
| Fostaíocht | **13** | (3.0%) |
| **IOMLÁN** | **431** | |


## Costais Iomarcacha

Fuarthas 78 ngearán san iomlán inar líomhnaíodh gur lorg dlí-chleachtóir costais iomarcacha. Díobh sin, bhain 28 gcinn (36%) le dlíthíocht, bhain 19 gcinn (24%) leis an dlí teaghlaigh, bhain 12 cheann le tíolacadh agus bhain 11 cheann le riaradh eastát (probháid).




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | **28** | (35.9%) |
| Díospóid Teaghlaigh | **19** | (24.4%) |
| Tíolacadh | **12** | (15.1%) |
| Probháid | **11** | (14.1%) |
| Eile | **5** | (6.4%) |
| Coireacht | **3** | (3.9%) |
| **IOMLÁN** | **78** | |

## Fíor 1: Gearáin a fuarthas de réir contae sa bhliain 2021




| | |
|---|---|
| Dlínsí eile | 10 |
| IOMLÁN | 1,599 |





## Gearáin a Dúnadh

Dúnadh 435 chomhad fiosraithe san iomlán sa bhliain 2021. Níor rangaíodh na comhaid sin a bheith ina ngearáin agus dúnadh iad tar éis do ÚRSD cabhair a thabhairt don fhiosraitheoir.

Dúnadh 1,343 ghearán san iomlán sa bhliain, mar atá leagtha amach i dTábla 1. Leagadh béim sna tuarascálacha ar ghearáin ó ÚRSD go dtí seo go raibh líon ard gearán á réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil idir na páirtithe ag céim an-luath den phróiseas gearán. Lean an treocht sin ar aghaidh sa bhliain 2021, ar lena linn a réitíodh 378 ngearán dhúnta (28%) san iomlán ar shlí neamhfhoirmiúil sular cinneadh cé acu a bhí nó nach raibh siad inghlactha. Is ábhar mór misnigh é an céatadán de ghearáin atá á réiteach ar an tslí sin.

De bhreis air sin, tarraingíodh 172 ghearán siar agus rinneadh 58 gcinn eile a dhúnadh nó a iarchur ar chúiseanna eile. Is féidir go ndúnfar gearáin toisc gur scoir an dlí-chleachtóir de bheith ag cleachtadh, toisc gur cuireadh ar fionraí é nó í nó toisc gur baineadh a ainm nó a hainm ó Rolla na nAturnaetha. Is féidir go n-iarchuirfear imscrúdú toisc go bhfuil imeachtaí cúirte ar siúl. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gurb amhlaidh, nuair a dhéantar cásanna a tharraingt siar nó a réiteach idir na páirtithe, a fhéadfaidh ÚRSD a chinneadh go bhfuil sé ar mhaithe leis an bpobal leanúint le himscrúdú. Lean ÚRSD le gearán amháin ar an mbonn sin sa bhliain 2021.

Maidir le níos lú ná leath na ngearán a dúnadh sa bhliain 2021 (615 ghearán, a bhí cothrom le 45%), dúnadh iad toisc gur measadh iad a bheith neamh-inghlactha tar éis measúnú reachtúil. De bhreis air sin, dúnadh 20 gearán toisc gur réitíodh iad go rathúil le linn Réiteach Neamhfhoirmiúil, dúnadh 25 ghearán de bharr cinneadh ó ÚRSD agus dhún an Coiste um Ghearáin 75 gearán. Tugtar tuilleadh faisnéise thíos faoi na torthaí ar na gearáin dhúnta sin.

**TÁBLA 1: Gearáin a Dúnadh sa bhliain 2021**

| | |
|---|---|
| Gearáin a cinneadh a bheith neamh-inghlactha | 615 |
| Gearáin a tarraingíodh siar | 172 |
| Gearáin a réitíodh roimh Inghlacthacht a chinneadh | 378 |
| Gearáin a réitíodh i Réiteach Neamhfhoirmiúil | 20 |
| Gearáin a ndearna ÚRSD cinneadh orthu | 25 |
| Gearáin a ndearna an Coiste um Ghearáin cinneadh orthu | 75 |
| Eile | 58 |
| **AN LÍON IOMLÁN GEARÁN A DÚNADH** | **1,343** |

## Cinntí ó ÚRSD agus Torthaí an Choiste Athbhreithnithe sa bhliain 2021

Maidir le gearáin a bhaineann le seirbhísí dlí a líomhnaítear a bheith de chaighdeán neamhdhóthanach agus/nó le costais iomarcacha is gearáin nach réitítear trí Réiteach Neamhfhoirmiúil, tarchuirtear iad ar ais chuig cásoifigeach de chuid ÚRSD lena gcinneadh faoi alt 60 nó 61 den Acht.

Cé gur dúnadh 25 ghearán tar éis cinneadh den sórt sin, is amhlaidh a rinne ÚRSD 47 gcinneadh sa bhliain 2021. Ag teacht sna sála ar chinneadh, beidh 30 lá ag na páirtithe chun a chinneadh cé acu a ghlacfaidh siad leis an gcinneadh nó a iarrfaidh siad athbhreithniú ón gCoiste Athbhreithnithe. Ní fhéadfaidh ÚRSD comhad a dhúnadh go dtí go mbeidh an tréimhse sin imithe in éag. Bhí 22 ghearán sa tréimhse athbhreithnithe sin ann fós ag deireadh na bliana, a fhágann go ndúnfar iad sa bhliain 2022.

I gcás go gcinnfear gearán i bhfabhar an ghearánaigh, féadfaidh ÚRSD ordachán a fhorchur ar an dlí-chleachtóir á ordú dó nó di ceann amháin nó níos mó de na bearta atá leagtha amach san Acht a dhéanamh chun an ní a chur i gcrích go sásúil don ghearánach. Bíonn éagsúlacht sna hordacháin sin, ag brath ar chineál an ghearáin. Is iad na hordacháin is coitianta ná ordacháin á ordú don dlí-chleachtóir comhad an chliaint a aistriú chuig cleachtóir eile, á ordú go n-íocfaí cúiteamh nach mó ná €3,000 leis an gcliant nó á ordú don chleachtóir táillí a aisíoc nó a tharscaoileadh.

Maidir leis na 47 ngearán a ndearna ÚRSD cinneadh orthu sa bhliain 2021:

- **Sheas ÚRSD leis an ngearán i 37 gcás agus thug sé ordacháin i 35 cinn de na gearáin sin.**
- **Réitíodh dhá ghearán. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon chinntí.**
- **Níor seasadh le hocht ngearán.**

Tá an dá pháirtí i ngearán i dteideal faoin Acht athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh ó ÚRSD. Breithníonn an Coiste Athbhreithnithe iarratais ar athbhreithniú de réir an Achta. Bhreithnigh an Coiste naoi n-iarraidh den sórt sin ag trí chruinniú sa bhliain. Chuir an Coiste Athbhreithnithe cás amháin ar atráth, agus athbhreithníodh ocht gcinneadh.

Dheimhnigh an Coiste Athbhreithnithe na cinntí ó ÚRSD i gceithre ghearán. Cuireadh trí ghearán ar ais chuig an gcásoifigeach de chuid ÚRSD chun go n-athbhreithneofaí saincheist. Chomh maith leis, b'amhlaidh, maidir le gearán amháin, a deimhníodh an cinneadh ach a athraíodh é chun ordachán a chur ar áireamh á ordú go n-íocfadh an cleachtóir cúiteamh leis an gcliant freisin.

> **"Go raibh maith agaibh as an gcomhfhreagras seo. Táim an-bhuíoch gur bunaíodh ÚRSD agus go raibh deis agam le mo ghearán a dhéanamh agus a réiteach."**





## Torthaí an Choiste um Ghearáin sa bhliain 2021

Tarchuirtear gearáin a bhaineann le mí-iompar líomhnaithe chuig an gCoiste um Ghearáin lena n-imscrúdú. Bhí 34 chruinniú de chuid Choistí Rannacha an Choiste um Ghearáin ann sa bhliain 2021. Dhún an Coiste 75 ghearán san iomlán, mar atá leagtha amach i dTábla 2. Díobh sin, níor seasadh le 28 gcinn, réitíodh 16 cinn agus rinneadh trí cinn a tharraingt siar nó a dhúnadh ar chúiseanna eile. Tharchuir an Coiste 16 ghearán chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí lena n-imscrúdú tuilleadh.

Maidir leis an 12 ghearán eile, mheas an Coiste nárbh fhiú an gníomh nó an neamhghníomh a tharchur chuig an mBinse ach gurbh fhiú an gníomh nó an neamhghníomh an smachtbhanna a d'fhorchuir sé a fhorchur. Leagtar amach san Acht ordacháin éagsúla a fhéadfaidh an Coiste a dhéanamh, lena n-áirítear táillí a tharscaoileadh nó a aisíoc, gníomh eile a mheastar a bheith ar mhaithe leis an gcliant, agus cúiteamh nach mó ná €5,000 a íoc leis an gcliant. Sa chuid is mó de ghearáin, rinne an Coiste teaglaim de na hordacháin sin agus, i roinnt gearán, d'ordaigh sé go n-íocfaí ranníoc i leith chostais ÚRSD.

## Gearáin leis an Ombudsman sa bhliain 2021

Féadfaidh gearánaigh atá míshásta leis an dóigh ar imscrúdaigh ÚRSD a ngearán gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman. D'imscrúdaigh an tOmbudsman 62 ghearán san iomlán den sórt sin sa bhliain 2021. Díobh sin, dúnadh 49 gcinn ar an mbonn gur dheimhin leis an Ombudsman gur dhéileáil ÚRSD leis na nithe i gceart. Sheas an tOmbudsman le 11 ghearán. Bhain dhá cheann díobh sin le moilleanna ar fhreagra a thabhairt ar chomhfhreagras. Maidir le cúig ghearán, bhí an tOmbudsman den tuairim, i ndáil leis an gcinneadh inghlacthachta a d'eisigh ÚRSD, nach raibh sé sách soiléir agus gur theastaigh soiléiriú ina leith. Maidir le gearán amháin, tháinig an Coiste ar an gconclúid gur theastaigh tuilleadh míniúcháin ar an gcinneadh ón gCoiste um Ghearáin. Tarchuireadh trí chinneadh inghlacthachta ar ais chuig ÚRSD lena mbreithniú an athuair. Ag deireadh na bliana 2021, bhí dhá ghearán á n-imscrúdú fós ag an Ombudsman.

> **"Deimhním go bhfuil na cistí faighte agam... ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil libh thar ceann an teaghlaigh as bhur n-obair iontach."**

**TÁBLA 2: Torthaí an Choiste um Ghearáin sa bhliain 2021**

| Tarchuireadh an gearán chuig LPDT | Seasadh leis an ngearán/Eisíodh ordachán | Réitíodh an gearán | Tarraingíodh an gearán siar | Níor seasadh leis an ngearán | Eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 16 | 12 | 16 | 1 | 28 | 2 |

## An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

Leanadh le tuilleadh oibre sa bhliain 2021 ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) a bhunú. Tá LPDT ina chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht. Tá sé mar ról aige breithniú a dhéanamh ar ghearáin faoi mhí-iompar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí, ar gearáin iad a tharchuirtear chuige ón gCoiste um Ghearáin de chuid ÚRSD nó ón Dlí-Chumann.

Tá ag LPDT 33 chomhalta san iomlán arna gceapadh ag Uachtarán na hArd-Chúirte ar ainmniú ón Aire. Tá aige 21 chomhalta thuata arna n-ainmniú ag an Aire Dlí agus Cirt. Tá aige freisin seisear ainmnithe ó Bharra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin) agus seisear ainmnithe ón Dlí-Chumann. Is é an tUas. Tom Coughlan an chéad chathaoirleach air.

Ba sa bhliain 2021 a dréachtaíodh na Rialacháin um Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, arb iad na rialacháin lena rialaítear obair an Bhinse iad. Ag teacht sna sála ar phróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí, rinneadh na rialacháin a chur i gcrích agus a ghlacadh ag cruinniú iomlánach de chomhaltaí an Bhinse i mí na Nollag 2021. Trasuifear na Rialacháin cheadaithe ina nIonstraim Reachtúil anois sa bhliain 2022.

Cé go bhfuil LPDT ina eintiteas atá ar leithligh ó ÚRSD agus a bhfuil a áitreabh féin aige, soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil dó. Is fostaithe de chuid ÚRSD iad an cúigear ball foirne tacaíochta de chuid LPDT agus tá a Chláraitheoir ina bhall d'Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD. Maidir le rialachas, comhaontaíodh Comhaontú Seirbhíse idir LPDT agus ÚRSD sa bhliain 2021. Is leagtha amach sa Chomhaontú Seirbhíse atá na tacaí riaracháin agus teicniúla a sholáthraíonn ÚRSD do LPDT. Tá an prionsabal bunúsach um neamhspleáchas an Bhinse ar áireamh ann freisin. Rinne an Binse Cód Iompair do chomhaltaí LPDT a dhréachtú agus a cheadú sa bhliain faoi athbhreithniú. Cuirfidh an Binse tús le héisteachtaí sa bhliain 2022.

Ós rud é gur comhlacht reachtúil neamhspleách é, tabharfaidh LPDT tuairisc ar a chuid gníomhaíochtaí amach anseo ina Thuarascálacha Bliantúla féin.





# Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán

## Fás seasta sa líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

Bhí fás seasta ann sa bhliain 2021 sa líon comhpháirtíochtaí aturnaetha a bhí ag lorg údarú ó ÚRSD chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta (CDTanna). Údaraíodh 106 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta san iomlán sa bhliain. D'fhág sé sin gurb ionann agus 364 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta an líon iomlán Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a údaraíodh ó mhí na Samhna 2019 i leith.

Chuir 10 gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta san iomlán in iúl do ÚRSD sa bhliain 2021 go bhfuil sé ar intinn acu scoir de bheith ag oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. D'fhág sé sin gurbh ionann agus 354 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta an líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a bhí ar an gClár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ag deireadh na bliana 2021.

Eisíodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta) (Alt 130), 2019 (Rialacháin), atá mar chreat údarúcháin um Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, an 23 Deireadh Fómhair 2019.

Le húdarú chun oibriú faoi dhliteanas teoranta de réir an Achta, ceadaítear do chomhpháirtíochtaí aturnaetha atá ann cheana a ndliteanas pearsanta a laghdú. Mar shampla, cosnaítear a gcuid sócmhainní pearsanta ar fhaillí na gcomhpháirtithe eile sa Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Is féidir fós go mbeidh comhpháirtí faoi dhliteanas fiachais, dualgais nó dliteanais a eascraíonn, mar shampla, as gníomh nó neamhghníomh ag an gcomhpháirtí a bhfuil calaois nó mímhacántacht ag gabháil leis agus ab ábhar do chinneadh go raibh mí-iompar ann nó do chiontú coiriúil.

Tá freagrachtaí ag gabháil le dliteanas pearsanta dlí-chleachtóirí a theorannú. Áirítear leo sin árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla oibriúcháin Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe. Déanann ÚRSD an Clár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a chothabháil agus a athrú chun dáta go tráthrialta. Is liosta é sin de na comhpháirtíochtaí aturnaetha atá údaraithe chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Tá an Clár ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

Lean ÚRSD le teagmháil chuiditheach a choinneáil ar bun le hiarratasóirí agus le daoine eile ar fud na bliana 2021. Thug baill foirne freagra ar cheisteanna ó ghnólachtaí a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus le próisis éagsúla faoi na Rialacháin. Áiríodh leo sin iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, ar scor d'oibriú agus ar ainm na gcomhpháirtithe i gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a athrú. Thug baill foirne ÚRSD freagra ar 53 cheist a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2021.

Ceanglaítear le halt 125(9) den Acht ar ÚRSD breith a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart údarú a thabhairt do ghnólacht iomchuí chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta tráth nach déanaí ná 60 lá ó fhoirm iarratais bhailí agus táille a fháil. Ba é 30 lá an meán-aga próiseála sa bhliain 2021 le haghaidh iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta.


Tá na hailt den Acht a bhaineann le comhpháirtíochtaí dlí le tosú sa bhliain 2022. A luaithe a tharlóidh sé sin, féadfaidh comhpháirtíochtaí dlí freisin iarratas a dhéanamh ar údarú chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. De réir an Achta, is é an míniú atá ar 'comhpháirtíocht dlí' ná comhpháirtíocht arna foirmiú faoi dhlí an Stáit trí chomhaontú scríofa ag beirt dlí-chleachtóirí nó níos mó, ar abhcóide cleachtach aon duine amháin acu ar a laghad, chun seirbhísí dlí a sholáthar.

> "Go raibh míle maith agaibh as bhur gcuid cabhrach agus airde ag gach céim den phróiseas."

# Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta nua sa bhliain 2021


Tugtar léargas úsáideach sna sonraí ó ÚRSD faoin 106 chomhpháirtíocht aturnaetha a údaraíodh chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2021, mar atá le feiceáil i dTáblaí 3 agus 4. Ar an iomlán, údaraíodh 54 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta i gContae Bhaile Átha Cliath, údaraíodh deich gcinn i gContae Chorcaí, údaraíodh sé cinn i gContae Thiobraid Árann agus údaraíodh ceithre cinn i ngach ceann de na contaetha seo a leanas: Ciarraí, Luimneach, Uíbh Fhailí agus Cill Mhantáin. Bhí idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe ag formhór na gcomhpháirtithe aturnaetha (91 cheann) a údaraíodh mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Ag an taobh eile den scála, bhí breis agus 20 comhpháirtí ag cúig chomhpháirtíocht aturnaetha san iomlán a údaraíodh sa bhliain.

**TÁBLA 3: An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2021 de réir Contae**




**TÁBLA 4: An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2021 de réir an Lín Comhpháirtithe**

| | |
|---|---|
| Idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe | 91 |
| Idir seisear comhpháirtithe agus deichniúr comhpháirtithe | 5 |
| Idir 11 chomhpháirtí agus 15 chomhpháirtí | 1 |
| Idir 16 chomhpháirtí agus 20 comhpháirtí | 4 |
| Níos mó ná 20 comhpháirtí | 5 |
| **IOMLÁN** | **106** |








## An Tríú Bliain den Tobhach ar na Gairmeacha

Sa bhliain 2021, d'eisigh ÚRSD an tríú sraith fógraí measúnachta tobhaigh bhliantúil uaidh. Faoi Chuid 7 den Acht, is faoi dhliteanas an tobhach a íoc atá Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle an Bharra (ar a dtugtar Barra na hÉireann anois) agus abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí, seachas i gcás go mbeidh abhcóide nó aturnae díolmhaithe toisc é nó í a bheith i seirbhís lánaimseartha an Stáit (alt 97 den Acht).

Is é an tobhach príomhshásra cistiúcháin ÚRSD. Bhain méid an tobhaigh a bhí iníoctha sa bhliain 2021 leis na costais oibriúcháin agus na caiteachais riaracháin a thabhaigh an tÚdarás agus an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (an Binse Araíonachta) sa bhliain airgeadais 2020 a chumhdach.

Le toiliú ón Aire, chinn ÚRSD costais oibriúcháin agus caiteachais riaracháin an Údaráis agus an Bhinse Araíonachta don bhliain airgeadais 2020. Ina dhiaidh sin, ríomh ÚRSD an sciar den tobhach a bhí iníoctha ag an Dlí-Chumann, ag Barra na hÉireann agus ag abhcóidí nach comhaltaí den Dlí-Chumann iad.

Toisc a chuirtear san áireamh le linn an tobhach a ríomh is ea an líon gearán a dhéantar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí. Thosaigh ÚRSD ar ghlacadh le gearáin maidir le haturnaetha agus abhcóidí an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht. B'ionann an tobhach don bhliain airgeadais 2020 agus €156.25 in aghaidh an abhcóide nach comhalta den Leabharlann de é nó í, €161.07 in aghaidh an chomhalta den Leabharlann Dlí agus €200.14 in aghaidh an aturnae.

Mar a cheanglaítear le halt 95 den Acht, d'eisigh ÚRSD Fógraí Measúnachta Tobhaigh an 9 Meán Fómhair 2021 chuig an dá chomhlacht ghairmiúla agus chuig an 487 n-abhcóide aonair nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Eisíodh 115 Fhógra Bhreise san iomlán ina dhiaidh sin chuig abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad, mar a cheanglaítear le halt 96(2) den Acht. Chomh maith leis sin, fuair ÚRSD 62 cheist maidir leis an tobhach sa bhliain 2021 agus thug sé freagra orthu.

Bhí 87% den tobhach don bhliain airgeadais 2020 íoctha le ÚRSD faoin 31 Nollaig 2021.

## Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a Chothabháil

Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuardaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát.

Tá an Rolla ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD. Tá sé ina uirlis thábhachtach trínar féidir le daoine den phobal a bheith cinnte go bhfuil an t-abhcóide atá ag soláthar seirbhísí dlí thar a gceann i dteideal go dlíthiúil déanamh amhlaidh. Is gá freisin an tobhach ar abhcóidí a ríomh agus a riaradh i gceart.

Cuirtear cosc ar abhcóidí cáilithe le halt 136 den Acht seirbhísí dlí a sholáthar mura bhfuil a n-ainm taifeadta ar an Rolla.

Athraíonn ÚRSD an Rolla chun dáta ar bhonn tráthrialta, mar shampla i gcás go nglaoitear abhcóidí nua chun Barra na hÉireann agus go ndéanann siad iarratas ar a n-ainm a thaifeadadh ar an Rolla, i gcás nach mór a mionsonraí a leasú, nó i gcás go scoireann siad de bheith ag cleachtadh agus go n-iarrann siad go mbainfí a n-ainm den Rolla.

Cuireadh mionsonraí 192 dhuine d'abhcóidí cleachtacha leis an Rolla le linn na bliana. Ba é trí lá oibre an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratas. Déileáladh sa bhliain 2021 le 77 gceist san iomlán a bhain leis an Rolla.

Mhéadaigh an líon abhcóidí ar an Rolla ó 2,823 dhuine an 1 Eanáir 2021 go 2,933 dhuine an 31 Nollaig 2021. Bhí 2,180 duine díobh sin ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí agus ní raibh 753 dhuine díobh ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí. Fuair ÚRSD 248 n-iarraidh ar leasuithe ar an Rolla le linn na bliana.

I gcás nach mian leo a thuilleadh seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach, féadfaidh abhcóidí iarratas a dhéanamh go mbainfí a n-ainm den Rolla. Féadfaidh ÚRSD abhcóidí a bhaint den Rolla ar chúiseanna eile, lena n-áirítear mainneachtain an tobhach a íoc. Baineadh 82 abhcóide san iomlán den Rolla sa bhliain 2021.

## Bliain d'Fhógraíocht ag Dlí-Chleachtóirí a Rialáil

Ba í an bhliain 2021 an chéad bhliain féilire iomlán inar rialáil ÚRSD fógraíocht ag gach dlí-chleachtóir i dtaca le soláthar seirbhísí dlí faoi na rialacha céanna.

I mí na Nollag 2020, ghlac ÚRSD freagracht as fógraíocht ag dlí-chleachtóirí a rialáil faoi na *Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Fógraíocht), 2020 (Rialacháin).*

> "Go raibh maith agaibh arís as an gcabhair agus an treoir shármhaith phras a thug sibh. Is mór agam é."

> "Go raibh míle maith agaibh as bhur gcuid ama agus cabhrach maidir leis an ní seo: Is mór agam bhur bhfreagra tapa gairmiúil ar m'iarratas."

Tá feidhm ag na Rialacháin Fógraíochta maidir le dlí-chleachtóirí, le comhpháirtíochtaí dlí, le cleachtais ildisciplíneacha, le comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta agus le grúpaí dlí-chleachtóirí a chomhroinneann saoráid, áitreabh nó costas cleachtais. Ba é Dlí-Chumann na hÉireann, faoi na Rialacháin Fógraíochta d'Aturnaetha, 2019, a rialáil fógraíocht ag aturnaetha roimhe sin. Is í seo an chéad uair riamh a leagadh rialacha reachtúla le haghaidh fógraíochta amach d'abhcóidí.

Sular eisigh sé na Rialacháin Fógraíochta, ghlac ÚRSD páirt in dhá chéim comhairliúcháin leis na comhlachtaí gairmiúla, le habhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad agus le príomh-gheallsealbhóirí eile. Chomh maith leis sin, bhí ÚRSD i mbun teagmhála leis an Roinn Dlí agus Cirt agus le Coimisiún AE mar chuid den phróiseas sin.

Faoi na rialacháin sin, ceadaítear do dhlí-chleachtóirí a seirbhísí dlí a fhógairt, ach cuirtear roinnt srianta ar ábhar agus riocht na bhfógraí. Tríd is tríd, treisítear leis na rialacháin sin na toirmisc atá ann cheana ar sheirbhísí dlí a fhógairt agus cruthaítear leo teorainneacha nua.

Féadfaidh aon duine atá den tuairim go sáraíonn fógra seirbhísí dlí na rialacha atá leatha amach sna Rialacháin Fógraíochta fógra a thabhairt do ÚRSD ina thaobh. Breithneoidh ÚRSD na hábhair imní arna dtarraingt anuas, agus féadfaidh sé a roghnú go n-imscrúdódh sé iad.

Ar leithligh uaidh sin, féadfar gearán a dhéanamh le ÚRSD i gcás go measfar gurb ionann fógra arna fhoilsiú ag dlí-chleachtóir agus mí-iompar faoin Acht. Sa bhliain 2021, thionscain ÚRSD roinnt imscrúduithe faoi Rialachán 12 de na Rialacháin Fógraíochta.

Molann ÚRSD do gach dlí-chleachtóir a bhfógraíocht ar líne, a bhfógraíocht chló agus a bhfógraíocht eile a athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad na Rialacháin go hiomlán.

## ÚRSD agus Iarratais 'Abhcóide Sinsir'

I mí Aibreáin 2020, bhunaigh an tÚdarás an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta faoi alt 172(1) den Acht. Is é ról an Choiste Chomhairligh moltaí a dhéanamh don Rialtas chun Paitinní Tosaíochta a dheonú d'iarratasóirí ar aturnaetha nó abhcóidí iad. Tá teidlíocht ag aturnae nó abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di chun úsáid a bhaint as an teideal 'Abhcóide Sinsir'. De bhreis air sin, tá teidlíocht ag abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di go nglaofar é nó í chun Barra na Sinsear. Sular bunaíodh an córas iarratas a cruthaíodh san Acht, ní raibh teidlíocht chun an teideal 'Abhcóide Sinsir' a lorg ach amháin ag abhcóidí.

Is é an Príomh-Bhreitheamh a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach, atá comhdhéanta de sheachtar comhaltaí. D'ainmnigh an tAire Dlí agus Cirt an Dr Don Thornhill, Cathaoirleach an Údaráis, chuig an gCoiste Comhairleach sa bhliain 2020. Thug ÚRSD cúnamh cléireachais agus riaracháin don Choiste le linn na bliana 2021.

D'eisigh an Coiste Comhairleach an dara glao uaidh le haghaidh iarratais ar mholtaí i mí na Nollag 2020. Fuair sé 89 n-iarratas san iomlán – 55 cinn ó aturnaetha agus 34 cinn ó abhcóidí. I mí an Mheithimh 2021, cheadaigh an Rialtas deonú an teidil "Abhcóide Sinsir" do 25 abhcóide agus do 12 aturnae, bunaithe ar na moltaí ón gCoiste Comhairleach.

Rinneadh glao an Choiste Chomhairligh le haghaidh iarratas trí shuíomh Gréasáin ÚRSD, ar ar postáladh faisnéis mhionsonraithe d'iarratasóirí, lenar áiríodh treoir agus foirmeacha iarratais. Osclaíodh an tríú glao ón gCoiste le haghaidh iarratas i mí na Nollag 2021. Dúnadh é i mí Feabhra 2022.



Tuarascáil Bhliantúil 2021 | ÚRSD

# 3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid

## Tuarascálacha Taighde agus Moltaí

*Sa bhliain 2021, foilsíodh trí thuarascáil reachtúla san iomlán atá ag teacht le raon fheidhmeanna an Údaráis agus leis na freagrachtaí atá air faoin Acht as taighde agus tuairisciú a dhéanamh.*











### Tuarascálacha ar Ghearáin, 2021

*Béim a leagan ar théamaí i ngearáin chun feasacht a mhúscailt agus chun caighdeáin a fheabhsú*

Ceanglaítear ar ÚRSD faoi alt 73 den Acht tuarascáil ar oibriú ár bhfeidhme neamhspleáiche láimhseála gearán a fhoilsiú gach sé mhí. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh an 7 Deireadh Fómhair 2019 faoi Chuid 6 den Acht. Foilsíodh an chéad tuarascáil ar ghearáin den bhliain 2021 an 7 Aibreán. Tugadh tuairisc inti ar 805 ghearán ón 7 Meán Fómhair 2020 go dtí an 26 Márta 2021, agus béim á leagan ar mhéadú 33% ar an líon gearán a fuarthas sa tréimhse tuairiscithe roimhe. Sa dara tuarascáil ar ghearáin, a foilsíodh an 4 Deireadh Fómhair, cumhdaíodh an tréimhse tuairiscithe ón 27 Márta go dtí an 3 Meán Fómhair 2021. Léiríodh inti go bhfuair ÚRSD 673 ghearán agus gur dhún sé 646 ghearán sa tréimhse tuairiscithe.

Tá sé beartaithe go rachaidh na tuarascálacha leathbhliantúla sin chun tairbhe don phobal agus do dhlí-chleachtóirí araon. Leagtar béim iontu ar théamaí atá ag teacht chun cinn i ngearáin agus chun a shainaithint cé na réimsí a bhféadfaimis ceachtanna a fhoghlaim agus caighdeáin a ardú iontu. Áirítear leis na tuarascálacha seo cás-staidéir anaithnidithe a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le tomhaltóirí agus le soláthraithe seirbhíse dlí araon foghlaim ónár scrúdú ar ghearáin aonair.

### Tuarascáil Bhliantúil ‘Pathways to the Professions’, 2020

*Sonraí a bhailiú faoi bheartais na gairme dlí maidir le glacadh*

Rinneadh an dara tuarascáil bhliantúil ón Údarás maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh, rud a cheanglaítear le halt 33 den Acht, a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí Aibreáin 2021.

Sa tuarascáil ‘Pathways to the Professions’, cuireadh sonraí cuimsitheacha i láthair faoin líon daoine a glacadh chun cleachtadh mar aturnaetha agus mar abhcóidí le linn na bliana 2020. Tháinig sé sna sála ar chomhairliúchán reachtúil a bhfuarthas 13 aighneacht i scríbhinn san iomlán ina leith.

Tháinig an tuarascáil ar an gconclúid seo a leanas: *“De bharr thionchair chomhcheangailte Covid-19 agus an Bhreatimeachta, ní féidir an bhliain 2020 a mheas in aon chor a bheith ina gnáthbhliain maidir leis an líon daoine a glacadh isteach sna gairmeacha, le patrún na ndaoine a glacadh isteach sna gairmeacha agus leis an dinimic fhoriomlán atá i réim san earnáil seirbhísí dlí.”*

# Taighde Leanúnach sa bhliain 2021

## Na Bacainní Eacnamaíocha agus Eile a mbíonn Aturnaetha agus Abhcóidí atá tar éis a nGairm a Thosú ag Déileáil leo

Sa bhliain 2021, thug ÚRSD faoi phíosa suntasach taighde ar bhacainní agus éagsúlacht i measc na ngairmithe óga dlí roimh thuarascáil a fhoilsiú sa bhliain 2022. Tháinig sé sin sna sála ar iarraidh ón Aire Dlí agus Cirt i mí na Samhna 2020 go mbreithneodh an tÚdarás *"na bacainní eacnamaíocha agus eile a mbíonn abhcóidí óga agus aturnaetha óga ag dul i ngleic leo tar éis dóibh a gcáilíocht ghairmiúil a bhaint amach ó Óstaí an Rí agus ón Dlí-Chumann faoi seach"*.

D'iarr an tAire ar an Údarás aird ar leith a thabhairt, agus na saincheisteanna sin á mbreithniú aige, ar an gcothroime rochtana agus glactha isteach sna gairmeacha dlí d'fhonn éagsúlacht níos mó a bhaint amach laistigh de na gairmeacha.

I mí na Bealtaine 2021, sheol an tÚdarás comhairliúchán poiblí faoi alt 34 den Acht, áit ar iarradh aighneachtaí i scríbhinn maidir le bacainní eacnamaíocha agus eile ar aturnaetha agus abhcóidí atá tar éis a ngairm a thosú. Fuarthas 34 aighneacht i scríbhinn san iomlán – 21 cheann ó eagraíochtaí agus 13 cinn ó dhaoine aonair.

D'oibrigh foireann taighde ÚRSD i gcomhar le Behaviour & Attitudes (B&A), gníomhaireacht taighde sheachtrach, chun forbairt agus seoladh a dhéanamh ar na chéad suirbhéanna cuimsitheacha riamh uaidh ar aturnaetha atá faoi oiliúint agus atá tar éis a ngairm a thosú, ar abhcóidí is mic linn agus atá tar éis a ngairm a thosú agus ar fhochéimithe dlí. Bunaíodh dhá ghrúpa tagartha sheachtracha chun cabhrú leis na suirbhéanna a dhearadh. Bhí suirbhé amháin ann d'aturnaetha agus bhí suirbhé eile ann d'abhcóidí. Bhí an tÚdarás buíoch den ionchur ó chleachtóirí agus ó shaineolaithe acadúla ar na grúpaí sin.

Seoladh na suirbhéanna anaithnidithe ar líne i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2021. Chabhraigh Barra na hÉireann, Cumann Onórach Óstaí an Rí, Dlí-Chumann na hÉireann agus cúig cinn déag d'institiúidí oideachais tríú leibhéal go cineálta le hiad a dháileadh. Chun torthaí an tsuirbhé a léiriú ar dhóigh níos mine agus chun iad a chomhlánú, sheol B&A agus an tAonad Oideachais, Taighde agus Anailíse taighde cáilíochtúil agus agallaimh freisin.

## Anailís a Dhéanamh ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir

I mí Mheán Fómhair 2021, sheol an tÚdarás comhairliúchán poiblí inar tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara chun aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh roimh thuarascáil a ullmhú don Aire Dlí agus Cirt ar ghairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir. D'iarr an tAire an tuarascáil, atá faoi alt 34(1)(c) den Acht, i mí an Mhárta 2021 de réir alt 34(5)(a) den Acht. Fuarthas 16 aighneacht i scríbhinn san iomlán.

Cuireadh tús le hobair sa bhliain 2021 freisin ina raibh ÚRSD ag iarraidh saineolaithe seachtracha oiriúnacha a shainaithint chun rannchuidiú leis an tuarascáil taighde. Bhí ÚRSD i mbun idirchaidrimh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun iarraidh ar thairiscintí a eisiúint faoin gcreat taighde chun anailís shaineolaíoch a dhearadh agus a dhéanamh ar ghairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir, mar atá leagtha amach sna téarmaí tagartha mionsonraithe.

## An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, a athbhreithniú

I mí Iúil 2021, sheol an tÚdarás comhairliúchán poiblí inar iarradh aighneachtaí i scríbhinn roimh an dara hathbhreithniú reachtúil ón Údarás ar an Acht faoi alt 6. Fuarthas 14 aighneacht san iomlán ó 12 fhreagraí, a chuimsigh eagraíochtaí nó daoine aonair.

## An Tuarascáil Bhliantúil maidir le Glacadh a Ullmhú

I mí na Samhna 2021, sheol an tÚdarás comhairliúchán poiblí inar iarradh aighneachtaí i scríbhinn roimh an tríú Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás maidir le Beartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh. Faoi alt 33 den Acht, ní foláir an tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Aire faoi dheireadh mhí Aibreáin 2022. Fuarthas 14 aighneacht i scríbhinn san iomlán.





# Cumarsáid agus Caidreamh

Déanann ÚRSD dianiarracht dlíodóirí a choinneáil ar an eolas faoi na hoibleagáidí rialála atá orthu agus faoi aon athruithe eile ar na hoibleagáidí sin a eascraíonn as rialacháin nua. Déanaimid amhlaidh trí theagmháil dhíreach shoiléir thráthrialta a choinneáil ar bun leis na gairmeacha agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha.

Ós rud é go raibh srianta phaindéim Covid-19 i bhfeidhm fós sa bhliain 2021, cuireadh teorainn leis an líon cruinnithe agus teagmhálacha i bpearsa a cuireadh ar siúl idir foireann ÚRSD agus geallsealbhóirí seachtracha le linn na bliana. Cosúil lena lán eagraíochtaí, lean ÚRSD ar fud na bliana 2021 le páirt a ghlacadh in imeachtaí agus le cruinnithe a chur ar siúl ar líne.

## Imeachtaí for-rochtana ÚRSD

Ar fud na bliana tuairiscithe, bhí an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD, i mbun teagmhála tráthrialta le hionadaithe ón Dlí-Chumann, ó Bharra na hÉireann agus ó Chumann Onórach Óstaí an Rí. Den cheathrú bliain i ndiaidh a chéile, bhí an Dr Doherty ina aoichainteoir ag ócáid seolta an tsuirbhé bhliantúil ar ghnólachtaí dlí Éireannacha arna reáchtáil ag Smith & Williamson. Cuireadh an ócáid sin ar siúl go fíorúil den dara bliain i ndiaidh a chéile.

Mar chuid d'obair leanúnach caidrimh intíre ÚRSD, thug an Dr Doherty cainteanna ar fheidhm gearán ÚRSD, ar na rialacháin fógraíochta agus ar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Chomh maith leis sin, thug sé láithreoireachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí ag Seimineár Solicitors for the Elderly i mí an Mheithimh agus ag an ócáid a sheol Mason Hayes and Curran ar 'Rialáil an Dlíodóra Inmheánaigh' i mí na Samhna. Tugtar liosta iomlán in Aguisín 1 de na gníomhaíochtaí sin agus de ghníomhaíochtaí eile a rinneadh.

## ÚRSD ag Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí

Ba mar eagraithe agus mar rannpháirtithe a bhí baint ag an Dr Doherty agus baill eile d'fhoireann ÚRSD le Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí 2021, rud a bhí ina imeacht fíorúil den dara bliain i ndiaidh a chéile. Is é atá sa Chomhdháil Idirnáisiúnta ná deis dhomhanda uathúil do rialálaithe dlí, don lucht léinn, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do dhaoine eile chun an dea-chleachtas agus forbairtí éiritheacha sa réimse a chomhroinnt.

Leanann ÚRSD le tacaíocht ollmhór a thabhairt don Chomhdháil Idirnáisiúnta. Le haghaidh na hócáide i mí Mheán Fómhair 2021, léiríomar físeán le daoine ó chúlraí éagsúla in Éirinn ar mian leo a bheith ina n-aturnaetha nó ina n-abhcóidí nó atá ina n-aturnaetha nó ina n-abhcóidí atá tar éis a ngairm a thosú. San fhíseán sin, phléigh siad bacainní éagsúla ar dhul isteach sna gairmeacha dlí. Taispeánadh an físeán do thoscairí na comhdhála roimh sheisiún ceardlainne dar teideal 'Cé leis an gConair? Rochtain ar an nGairm Dlí a Leathnú'. Le linn an tseisiúin sin, pléadh na bearta éagsúla atá á ndéanamh ar fud dlínsí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil an ghairm dlí éagsúil agus ina léiriú ar na pobail a bhfreastalaíonn sí orthu.



Ghlac **an Dr Brian Doherty**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD, páirt i gceardlann ar líne ag Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí maidir le 'Cé atá ag Cur Oiliúint ar Dhlíodóir Pobalbhunaithe na Todhchaí?' Ar na daoine eile ar an bpainéal bhí **Anita Parkash**, **Kimitoshi Yabuki** agus **Mark Woods**, agus rinne **Alison Hook** cathaoirleacht ar an seisiún.

# Caidreamh ÚRSD trí ardáin dhigiteacha a bhíonn ag méadú

Bhí cumarsáid ina gné lárnach d'obair ÚRSD le linn na tréimhse tuairiscithe maidir le cur leis an bhfeasacht atá ag an bpobal, ag tomhaltóirí seirbhísí dlí agus ag ár mórbhonn geallsealbhóirí ar ár bhfeidhmeanna reachtúla. Ós rud é nárbh ann ach do bheagán deiseanna le himeachtaí duine le duine a chur ar siúl, d'fhéachamar le teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí trí na meáin thraidisiúnta, trí na meáin shóisialta agus trí chruinnithe agus gníomhaíochtaí a cuireadh ar siúl ar líne.

Chun feidhmíocht éifeachtach ár gcumarsáidí a chinntiú, tá sé tábhachtach a aithint cé hiad ár ngeallsealbhóirí agus ár gcumarsáidí a chur in oiriúint do spriocphobail ábhartha chun a chinntiú go soláthrófar teachtaireachtaí tábhachtacha ar an mbealach is mó tionchar.

I mí na Nollag 2021, seoladh rannán nua de shuíomh Gréasáin ÚRSD atá tiomnaithe don phróiseas gearán. Mínítear leis sin ar dhóigh shoiléir shimplí cé na nithe a bhféadfaidh tomhaltóirí gearán a dhéanamh fúthu, conas is féidir gearán a dhéanamh agus conas a láimhseálann ÚRSD gearáin. Déanfar tuilleadh oibre sa bhliain 2022 ar ár láimhseáil gearán a mhíniú do thomhaltóirí i mBéarla simplí.

Bainimid úsáid as an rannán 'Latest News and Activities' ar an suíomh Gréasáin chun fógraí atá ábhartha do dhlí-chleachtóirí agus do thomhaltóirí araon a eisiúint. Áirítear leo sin ár socruithe cianoibre le linn phaindéim Covid-19, ár gcomhairliúcháin oscailte, agus faisnéis faoin tabhairt isteach rialachán nua. Thug 36,322 dhuine san iomlán cuairt ar an suíomh Gréasáin sa bhliain 2021.

I mí Iúil 2021, bhunaíomar cuntas ar LinkedIn. Cuirtear ar ár gcumas leis cumarsáid dhíreach a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne agus teachtaireachtaí agus forbairtí tábhachtacha a chur in iúl. Mheall cuntas ÚRSD 170 leantóir faoi dheireadh na bliana, agus bhain ÚRSD úsáid as an ardán le linn na bliana chun feasacht a mhúscailt ar dheiseanna gairme agus chun teagmháil a dhéanamh le daoine a d'fhéadfadh freagra a thabhairt ar ár suirbhéanna taighde ar bhacainní.

Tháinig méadú faoi thrí, go 465 leantóir, ar an líon leantóirí a bhí ag cuntas ÚRSD ar Twitter faoi dheireadh na bliana 2021. B'ionann é sin agus méadú 310% ar an 150 leantóir a bhí aige ag deireadh na bliana 2020. De bhreis ar an eolas is deireanaí ar ár gcuid oibre a thabhairt ar Twitter ar bhonn tráthrialta, sheolamar feachtais ar an ardán le linn na bliana chun feasacht a mhúscailt ar ár suirbhéanna ar abhcóidí is mic léinn, ar aturnaetha faoi oiliúint, ar ghairmithe atá tar éis a ngairm a thosú agus ar fhochéimithe dlí.








# Clúdach sna Meáin ar ár gCuid Oibre

D'eisigh ÚRSD cúig phreaseisiúint san iomlán sa bhliain 2021 agus phostáil sé 13 alt inar tugadh an t-eolas is deireanaí sa rannán 'Latest News and Activities' ar an suíomh Gréasáin. Tuairiscíodh orainn sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha agus i bhfoilseacháin dlí as roinnt de na fógraí agus na tuarascálacha a rinneamar. Áiríodh leo sin na tuarascálacha ar ghearáin a d'eisíomar i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair.

Thug ár bpreasoifig freagra ar 15 cheist dhíreacha san iomlán a fuarthas ó iriseoirí sa bhliain. De bhreis air sin, tugadh an t-eolas is deireanaí go tráthrialta dá gcomhaltaí in Iris Dhlí-Chumann na hÉireann agus in Athbhreithniú Barra Bharra na hÉireann ar obair ÚRSD.


Watchdog hit with flood of complaints about wills

Banks in conflict with solicitors over property sale misconduct

More solicitors and their clients being targeted by fraudsters

Drop-off in new solicitors here as UK lawyers' Brexodus fades

# 4. Rialachas agus Bainistíocht

## Comhaltaí den Údarás agus a gComhlachtaí Ainmniúcháin

*Ba mar a leanas a bhí na comhaltaí den Údarás agus a gcomhlachtaí ainmniúcháin faoin Acht sa bhliain 2021:*



### An Dr Don Thornhill – Cathaoirleach
***An tÚdarás um Ard-Oideachas***

Déanann an Dr Don Thornhill cathaoirleacht ar an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí. Déanann sé cathaoirleacht ar Bhuanchoiste Ospidéil Mháithreachais Bhaile Átha Cliath freisin agus tá sé ina chomhairleoir agus ina shainchomhairleoir ar chúrsaí straitéise agus beartais. Bhí sé ina chomhalta den bhord ar roinnt comhlachtaí eile roimhe seo, lenar áiríodh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Coláiste Hibernia, Bord Rialála na gCuntasóirí Cairte, Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochtaí, Foras Bainistíochta na hÉireann, Forfás, An Mol Digiteach, Coimisiún Fulbright agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Idir na blianta 1993 agus 2005, bhí sé ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus, ina dhiaidh sin, bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar an Údarás um Ard-Oideachas.



### Eileen Barrington SC
***Cumann Onórach Óstaí an Rí***

Tá Eileen Barrington ina céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Óstaí an Rí agus Choláiste na hEorpa, Brugge. Thosaigh Eileen ag cleachtadh mar abhcóide sa bhliain 1994 agus d'éirigh sí ina hAbhcóide Sinsir sa bhliain 2011. Pléann sí go príomha le dlí na hEorpa agus leis an dlí tráchtála, riaracháin agus rialála.



### Angela Black
***An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh***

Bhí Angela Black ina Príomhfheidhmeannach ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2021. Le linn a gairme, bhí sí gafa le seirbhís do chustaiméirí trína róil i leabharlanna poiblí, i riarachán leabharlann agus i seirbhísí airgeadais do thomhaltóirí sa Roinn Airgeadais agus sa Choimisiún Eorpach. Rinne sí ionadaíocht d'Éirinn san idirbheartaíocht leis an Aontas Eorpach maidir le hionstraimí dlí um ríomh-airgead, um chreidmheas tomhaltóirí, um árachas agus um margaí airgeadais. Baineadh leas as a cáilíochtaí leabharlannaíochta, TFC agus riosca baincéireachta i roinnt ról sinsearach seirbhíse poiblí. D'oibrigh sí ar sheirbhísí airgeadais sa Choimisiún Eorpach sa Bhruiséil ón mbliain 2007 go dtí an bhliain 2011 agus rinne sí cathaoirleacht ar an idirbheartaíocht i bParlaimint na hEorpa ar an Treoir um Chreidmheas Morgáiste.



### Geraldine Clarke
***Dlí-Chumann na hÉireann***

Tá Geraldine Clarke ina comhpháirtí le Gleeson McGrath Baldwin Solicitors i mBaile Átha Cliath, áit a bpléann sí le réimse na dlíthíochta. Bhí sí ina hUachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann roimhe seo. Tá sí ina hiar-Chathaoirleach ar an gCoiste um Eitic Ghairmiúil de chuid an Chomhlachais Bharra Idirnáisiúnta agus d'fhóin sí mar chomhalta de Bhord Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.



### Joan Crawford
***An Bord um Chúnamh Dlíthiúil***

Tá Joan Crawford ina Bainisteoir Réigiúnach leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Roimhe seo, bhí sí ina haturnae agus, ina dhiaidh sin, ina hAturnae Bainistíochta in Ionaid Dlí éagsúla i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ina cáil reatha, cabhraíonn Joan le beartas, rialachas agus straitéis a fhorbairt don Bhord, i measc nithe eile. Tá taithí aici sa chleachtadh ginearálta agus sa rialtas áitiúil. Tá taithí fhairsing aici freisin ar an dlí teaghlaigh agus ar a bheith ag plé le cásanna idirghabhála, fuadach leanaí agus cúram leanaí sna cúirteanna uile. Tá céim Mháistreachta ag Joan i mBainistíocht Phoiblí agus tá Dioplómaí aici i nDlí na hEorpa, sa Dlí um Chúram Leanaí agus sa Dlí um Meabhairshláinte agus Cumas. Tá sí ina comhalta de Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath agus den Chomhlachas Dlíodóirí Teaghlaigh.



### Stephen Fitzpatrick (a d'éirigh as i mí Aibreáin 2021)
***Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí***

Tá Stephen Fitzpatrick ina chomhpháirtí bainistíochta le Peter Fitzpatrick & Co. Legal Costs Accountants. Is Idirghabhálaí agus Dlíodóir Costas é freisin. Bhí Stephen ina Rúnaí d'Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí roimhe seo. Tá sé ina chomhalta de bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ón mbliain 2016 amach agus tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis faoi láthair. D'éirigh Stephen as an Údarás an 19 Aibreán 2021 agus tháinig Shane Galligan isteach ina áit.



## Shane Galligan (a ceapadh i mí Iúil 2021)

***Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí***

Tá Shane Galligan ina chomhpháirtí le Cuntasóirí Costas Dlí Behan & Associates. Tá Shane ina Chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí agus tá sé ina Chathaoirleach ar a Coiste Oideachais. Ón mbliain 2012 i leith, tá Shane ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe na hInstitiúide, atá comhdhéanta de sheisear. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe freisin.



## Dermott Jewell

***Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann***

Tá Dermott Jewell ina Chomhairleoir Beartais agus Comhairle do Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann. Toghadh é mar Uachtarán ar ANEC – Guth Thomhaltóirí na hEorpa sa Chaighdeánú i mí an Mheithimh 2019. Tá an tUas. Jewell ina chomhalta den Institiúid Chairte Eadrána (CIArb) (Craobh Éireannach) agus tá sé creidiúnaithe in Imscrúdú agus Idirghabháil Fostaíochta. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Idirghabhála na hÉireann agus d'Institiúid na Stiúrthóirí. Bhronn an Foras Riaracháin-an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Teastas Gairmiúil i Rialachas air le déanaí.



## Deirdre Malone (a ceapadh i mí Feabhra 2021)

***Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas***

Tá Deirdre Malone ina Bainisteoir Sinsearach i mBeartas Dlí le Twitter. Tá céim onóracha i ndlí aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2003), agus tá dioplóma i nDlí, Iontaobhaíocht agus Rialachas Carthanas aici ó Dhlí-Chumann na hÉireann (2020). Glaodh chun Barra Shasana agus na Breataine Bige í sa bhliain 2006 agus chaith sí roinnt blianta ag cleachtadh le Garden Court Chambers, ag déanamh speisialtóireacht in ionchoisní agus caingne in aghaidh na bpóilíní. Bhí sí ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin d'Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2019 agus bhí sí ina Bainisteoir Dlí leis an gComhaontas um Dhlí ar mhaithe leis an bPobal ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2021. Is líonra dlí leasa phoiblí é sin a bhfuil mar aidhm leis an pobal dlí agus an tsochaí shibhialta a spreagadh chun an dlí a úsáid chun athruithe sóisialta a chur ar aghaidh. Chomh maith leis sin, d'oibrigh Deirdre roimhe sin sa rannóg dlí de Liberty (National Council for Civil Liberties (an Ríocht Aontaithe)), sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (Éire) agus mar thaighdeoir d'Ard-Aighne na hÉireann.







## Deirdre Mc Hugh (a d'éirigh as i mí Mheán Fómhair 2021)

***An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí***

Tá Deirdre McHugh ina Ceann um Ghnóthaí Idirnáisiúnta sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Bhí sí ina Ceann um Thathant sa Choimisiún roimhe seo agus tá taithí fhairsing aici i réimse an bheartais um iomaíocht agus um thomhaltóirí. Tá Dioplóma Iarchéime ag Deirdre i nDlí Iomaíochta an Aontais Eorpaigh ó Choláiste an Rí, Londain. Tá MSc (Iomaíocht agus Rialáil) aici ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, agus tá céim Mháistreachta (Eacnamaíocht) aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'éirigh Deirdre as an Údarás an 23 Meán Fómhair 2021. Tháinig Síona Ryan áit Deirdre mar ainmní de chuid an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an 23 Feabhra 2022.



## Sara Moorhead SC

***Barra na hÉireann***

Tá Sara Moorhead ina hAbhcóide Sinsir agus ina hIdirghabhálaí Creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí. Oibríonn sí go príomha mar dhlíodóir trialacha/abhcóide seomra cúirte. Tá saineolas fairsing aici ar na réimsí seo a leanas: Athbhreithniú Breithiúnach; Díobhálacha Pearsanta; an Dlí Riaracháin agus Dlí na gConarthaí; Faillí Leighis; Faillí Ghairmiúil; an Dlí Árachais; agus an Dlí Neamhghiúiré, Tearmainn agus Inimirce. Rinne sí ionadaíocht don Rialtas in imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir sí comhairle ar Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte agus ghníomhaigh sí mar Abhcóide Dlí i roinnt Binsí Fiosrúcháin freisin.



## Simon Murphy

***Dlí-Chumann na hÉireann***

Is comhpháirtí in JRAP O'Meara LLP Solicitors i gCorcaigh é Simon Murphy. Is Eadránaí agus Idirghabhálaí cáilithe é agus is comhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe é. Tá sé ina idirghabhálaí creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí freisin. D'fhóin Simon mar Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann sa bhliain 2015-2016. Chaith sé roinnt mhaith blianta mar chomhalta tofa de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann. Tá sé ina iaruachtarán ar Chomhlachas Dlí an Deiscirt.

## Ceapacháin agus athcheapacháin chuig an Údarás sa bhliain 2021

Ceapadh **Shane Galligan** chuig an Údarás mar ainmní de chuid Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí le héifeacht ón 22 Iúil 2021. Tháinig sé isteach in áit **Stephen Fitzpatrick**, a d'éirigh as an Údarás an 19 Aibreán 2021.

Ceapadh **Deirdre Malone** chuig an Údarás mar ainmní de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an 23 Feabhra 2021, agus an ceapachán ag teacht in éifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020. Tháinig sí isteach in áit **Gerry Whyte**.

Ó mhí Aibreáin 2021 go mí Iúil 2021 agus ó dheireadh mhí Mheán Fómhair 2021 go mí Feabhra 2022, bhí an tÚdarás comhdhéanta de dheichniúr comhaltaí. Ceadaítear é sin faoin Acht.




Oifigí ÚRSD
i mBóthar na gCloch,
Baile Átha Cliath 7





**TÁBLA 4: Téarmaí Oifige na gComhaltaí den Údarás**

| Comhalta den Údarás | Eagraíocht | An Chéad Téarma Ceapacháin [1] | An Dara Téarma Ceapacháin [2] |
|---|---|---|---|
| Angela Black | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 4 Bliana | 4 Bliana |
| Don Thornhill (Cathaoirleach) | An tÚdarás um Ard-Oideachas | 4 Bliana | 4 Bliana |
| Deirdre McHugh | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 3 Bliana | 3 Bliana *A d'éirigh as an 23/09/2021* |
| Stephen Fitzpatrick | Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí | 3 Bliana | 3 Bliana *A d'éirigh as an 19/04/2021* |
| Shane Galligan [3] | Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí | 3 Bliana | - |
| Dermott Jewell | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann | 3 Bliana | 3 Bliana |
| Deirdre Malone [4] | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 4 Bliana | - |
| Sara Moorhead [5] | Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann) | 3 Bliana | 3 Bliana |
| Joan Crawford | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 4 Bliana | 4 Bliana |
| Eileen Barrington | Cumann Onórach Óstaí an Rí | 4 Bliana | 4 Bliana |
| Geraldine Clarke | Dlí-Chumann na hÉireann | 3 Bliana | 3 Bliana |
| Simon Murphy [6] | Dlí-Chumann na hÉireann | 4 Bliana | - |
| Síona Ryan [7] | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 3 Bliana | - |

1 *Faoi alt 10 den Acht, déanfaidh cúigear de na comhaltaí den Údarás, a roghnófar trí chrannchur, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí eile, an Cathaoirleach ina measc, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 4 bliana. Féadfaidh comhaltaí a bheith athcheaptha chuig an Údarás. Mar sin féin, ní bheidh téarma an cheapacháin níos faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.*

2 *Chomhaontaigh comhaltaí a bhí ar théarma trí bliana a dtéarma a fhadú go ceann trí bliana eile faoi alt 10 d'Acht 2015.*

3 *Ceapadh Shane Galligan chuig an Údarás le héifeacht ón 22 Iúil 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.*

4 *Ceapadh Deirdre Malone chuig an Údarás le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 trí litir dar dáta an 23 Feabhra 2021.*

5 *Ceapadh Sara Moorhead chuig an Údarás i mí na Bealtaine 2018 tar éis David Barniville a cheapadh chun na hArd-Chúirte. Bhí an ceapachán sin le maireachtáil ar feadh an téarma a bhí fágtha den cheapachán bunaidh agus athnuadh é ón 1 Deireadh Fómhair 2019 i leith.*

6 *Ceapadh Simon Murphy chuig an Údarás ón 1 Deireadh Fómhair 2020 i leith tar éis é a bheith ainmnithe ag an Dlí-Chumann chun teacht isteach in ionad James MacGuill.*

7 *Ceapadh Síona Ryan chuig an Údarás ón 23 Feabhra 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.*

# Gníomhaíochtaí an Údaráis

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huaire sa bhliain, agus corp suntasach oibre á thabhairt ar aghaidh aige chun leanúint le feidhmeanna an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí a thógáil agus a chur i gcrích. De bharr thionchair Covid-19 ar ghnó agus de bharr na srianta gaolmhara a tugadh isteach, cuireadh gach ceann de na cúig chruinniú sin ar siúl ar líne. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis.

## An Chéad Chruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcéad chruinniú dá chuid sa bhliain, a cuireadh ar siúl an 28 Eanáir 2021, rinne an tÚdarás Buiséad ÚRSD don bhliain 2021 agus an Plean Gnó 2021 ó ÚRSD a athbhreithniú agus a cheadú. Cheadaigh an tÚdarás an cur chuige agus an clár i leith tuarascáil taighde bhreise a dhéanamh faoi alt 34 den Acht ar bhacainní ar ghairmithe dlí tar éis dóibh a ngairm a thosú (an Tuarascáil ar Bhacainní). Chomhaontaigh an tÚdarás freisin le tús a chur leis an dara hAthbhreithniú ar Oibriú an Achta.

## An Dara Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an dara cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 25 Márta 2021, cheadaigh an tÚdarás na Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2020 lena gcur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. D'athbhreithnigh an tÚdarás an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34 ar Bhacainní, an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34(1)(c) ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir agus an dul chun cinn ar Thuarascáil Bhliantúil alt 33 maidir le Beartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh.

## An Tríú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an tríú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 3 Meitheamh 2021, d'athbhreithnigh an tÚdarás an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34 ar Bhacainní agus an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34(1)(c) ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir. Cheadaigh an tÚdarás, le Rún, ceapadh comhaltaí nua chuig an gCoiste Athbhreithnithe agus chuig an gCoiste um Ghearáin.

## An Ceathrú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gceathrú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 9 Meán Fómhair 2021, d'athbhreithnigh an tÚdarás na leasuithe molta ar an Acht maidir le hathruithe ar an tSamhail Tobhaigh agus le tabhairt isteach na samhla gnó Comhpháirtíochtaí Dlí. D'athbhreithnigh an tÚdarás an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34 ar Bhacainní agus an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34(1)(c) ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir. Cheadaigh an tÚdarás, le Rún, ceapadh comhaltaí nua chuig an gCoiste Athbhreithnithe agus chuig an gCoiste um Ghearáin araon. Thug an tÚdarás, le Rún freisin, údarú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun feidhm an Údaráis faoi alt 66 den Acht Aturnaetha, 1966 (arna ionadú le halt 76 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994, agus arna leasú le halt 182 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015), a dhéanamh chun aontú le déanamh na Rialachán um Chuntais Aturnaetha (Leasú), 2021.

## An Cúigiú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcúigiú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 18 Samhain 2021, d'athbhreithnigh an tÚdarás na fionnachtana a d'eascair as iniúchadh neamhspleách ar phróiseas Gearán agus Réiteach ÚRSD. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás ar an dul chun cinn ar leasuithe ar Acht 2015 (Samhail Tobhaigh agus Comhpháirtíochtaí Dlí). D'athbhreithnigh an tÚdarás an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34 ar Bhacainní agus an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34(1)(c) ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir. De bhun alt 13(7) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, dhaingnigh an tÚdarás toiliú don Dlí-Chumann i ndáil leis na Rialacháin um Árachas Sláníochta Gairme Aturnaetha, 2021. Trí bhíthin láithreoireacht ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus plé, d'athbhreithnigh an tÚdarás a chlár gníomhaíochtaí don bhliain 2021 agus a threochlár gníomhaíochtaí beartaithe don bhliain 2022.





## Ráitis Airgeadais agus Soláthar

Sa bhliain 2021, chuir an tÚdarás an ceathrú tacar Ráiteas Airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir 2020 go mí na Nollag 2020 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. An 15 Nollaig 2021, dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais agus thuairiscigh sé gur tugadh sna Ráitis Airgeadais ó ÚRSD léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais ÚRSD amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

Thug an tÚdarás faoi chleachtaí soláthair sa bhliain 2021, bunaithe ar an gcomhairle agus an cúnamh a fuarthas ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Baineadh leas as na Creataí Uile-Rialtais a bhí ann cheana le linn na gcleachtaí soláthair.

**TÁBLA 5: Freastal ar Chruinnithe an Údaráis – Eanáir go Samhain 2021**

| Comhaltaí | 28/01/21 | 25/03/21 | 03/06/21 | 09/09/21 | 18/11/21 |
|---|---|---|---|---|---|
| Eileen Barrington | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Angela Black | ✔ | ✔ | ✔ | ✗ | ✔ |
| Geraldine Clarke | ✔ | ✔ | ✔ | ✗ | ✔ |
| Joan Crawford | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Stephen Fitzpatrick | ✔ | ✔ | n/b | n/b | n/b |
| Shane Galligan | n/b | n/b | n/b | ✔ | ✔ |
| Dermott Jewell | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Deirdre Malone | n/b | ✔ | ✔ | ✔ | ✗ |
| Deirdre McHugh | ✔ | ✔ | ✗ | ✔ | n/b |
| Sara Moorhead | ✔ | ✔ | ✔ | ✗ | ✔ |
| Simon Murphy | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Don Thornhill (Cathaoirleach) | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |

***Tabhair faoi deara:***
*D'éirigh Stephen Fitzpatrick as an 19 Aibreán 2021.*
*Bhí Shane Galligan ceaptha ón 22 Iúil 2021 i leith.*
*Ceapadh Deirdre Malone an 23 Feabhra 2021.*
*D'éirigh Deirdre McHugh as an 23 Meán Fómhair 2021*

## An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Rinne Stephen Fitzpatrick, comhalta den Údarás, cathaoirleacht ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD. Tar éis dó éirí as a ról san Údarás, rinne Angela Black cathaoirleacht ar an gCoiste. Suíonn Geraldine Clarke, comhalta den Údarás, ar an gcoiste freisin, i dteannta na gcomhaltaí seachtracha neamhspleácha den choiste, mar atá Peter O'Brien agus Claire Byrne. Tá an Rúnaí don Údarás ar an Rúnaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021. Ag gach cruinniú, faigheann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, déanann sé athbhreithniú foirmiúil ar Chlár Rioscaí ÚRSD, agus scrúdaíonn sé na bearta go léir atá déanta ag coiste feidhmiúcháin ÚRSD chun na rioscaí sin a mhaolú. Ina theannta sin, déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar ráitis airgeadais agus faisnéis atá suas chun dáta ag gach cruinniú. Déantar Clár Rioscaí, buiséad agus ráitis airgeadais ÚRSD a bhreithniú agus a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis freisin.

**TÁBLA 6: Cruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2021**

| Comhaltaí | 18/03/21 | 28/06/21 | 03/09/21 | 12/11/21 |
|---|---|---|---|---|
| Angela Black | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Claire Byrne | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Geraldine Clarke | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ |
| Stephen Fitzpatrick | ✔ | n/b | n/b | n/b |
| Peter O'Brien | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |





# Socruithe Rialachais

Comhlacht atá neamhspleách go reachtúil is ea an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Faoi alt 13(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Treoraítear creat rialachais ÚRSD leo seo:

- an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú);
- an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud ar ghlac an tÚdarás é;
- an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí.

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí roinnt doiciméad rialachais a chur le chéile, lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis;
- Téarmaí Tagartha don Údarás;
- Sceideal de nithe a tharmligtear agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás;
- Beartas maidir le Nochtadh Cosanta;
- Beartas Cosanta Sonraí;
- Clár Rioscaí agus Straitéis Bainistíochta Riosca;
- Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais;
- Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna;
- Plean Straitéiseach 2019-2022;
- Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh leis an Roinn Dlí agus Cirt;
- Clár um Baill Foirne atá Údaraithe go Cuí chun feidhmeanna alt 13(7) a chomhlíonadh faoin Acht;
- Cáirt um Sheirbhísí Ardchaighdeáin;
- Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Ardchaighdeáin.

Cuireadh na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD i gcás gur cuí.

## Ról an Údaráis agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Cheadaigh an tÚdarás téarmaí tagartha do ÚRSD. Leagtar amach iontu na róil faoi seach atá ag an Údarás agus ag an bPríomhfheidhmeannach mar a leanas:

### An tÚdarás:

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

**i.** Treo straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta ÚRSD a athbhreithniú agus a threorú;

**ii.** a chinntiú go gcomhlíonfar gach cuspóir reachtúil is infheidhme;

**iii.** An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;

**iv.** Beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca;

**v.** Buiséid bhliantúla agus pleananna gnó;

**vi.** Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos;

**vii.** Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh;

**viii.** Maoirseacht a dhéanamh ar mhórbhreitheanna ar chaiteachas caipitil agus ar infheistíocht.

### An Príomhfheidhmeannach:

Tarmligeann an tÚdarás an fhreagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil ÚRSD chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig foireann ardbhainistíochta ÚRSD.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Údaráis ar chuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis agus tugann sé tuairisc go rialta ar gach gné d'oibriú ÚRSD, de réir mar a éilíonn comhaltaí an Údaráis. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin le haghaidh an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar bhainistíocht riosca agus airgeadais.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach san Acht. Sonraítear in alt 24(3) den Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

**i.** beartais agus breitheanna an Údaráis a chur i ngníomh,

**ii.** foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,

iii. bheith freagrach don Údarás as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

**iv.** cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo.

Aon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach nó aon bhall d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin faoi alt 13(7) den Acht.

Cinntíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus dúshláin straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar ÚRSD agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.





## Coinbhleachtaí Leasa

D'fhorbair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí "Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna". I gcomhréir leis an mbeartas agus leis na Cóid Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis, cláraíonn comhaltaí an Údaráis agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a leasanna in aon ghnóthais iomchuí eile le Rúnaí an Údaráis ar iad a cheapadh agus ar bhonn bliantúil. De bhreis air sin, cuirtear dearbhú leasanna i míreanna sonracha ar an gclár oibre ar áireamh mar bhuanmhír de gach cruinniú de chuid an Údaráis agus de gach cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca.

## Meastóireacht Feidhmíochta

Déanfaidh an tÚdarás meastóireacht sheachtrach sa bhliain 2022 ar a fheidhmíocht. Cuireadh moill ar an bpróiseas sin a thosú de bharr thionchair Covid-19 ar ghnó.

## Cruinnithe Rialachais agus Gníomhaireachtaí leis an Roinn Dlí agus Cirt

Ar fud na bliana 2021, bhí ÚRSD i mbun teagmháil fhairsing le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt. Cuireadh dhá Chruinniú Rialachais ar siúl sa bhliain 2021 idir ÚRSD agus an tAonad um Rialachas Sibhialta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Cuireadh ar siúl iad an 15 Aibreán agus an 7 Deireadh Fómhair.

Ag teacht sna sála ar na tionchair ghnó a bhí ag paindéim Covid-19 ar sheirbhísí Rialtais, chomhordaigh an Roinn Dlí agus Cirt grúpa Gníomhaireachtaí Ceartais Shibhialta chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt do na gníomhaireachtaí uile i réimse an dlí agus cirt agus chun deis a thabhairt dóibh an t-eolas is deireanaí a bhí acu a chomhroinnt lena chéile. Tá ÚRSD ina bhall den ghrúpa sin. Cuireadh na cruinnithe ar siúl ar líne uair amháin sa mhí ar a laghad sa bhliain 2021. Chuir sé sin ar chumas na ngníomhaireachtaí an t-eolas is deireanaí ar leanúnachas gnó agus ar nithe gaolmhara a thabhairt agus chuir sé ar chumas na Roinne an t-eolas tábhachtach is deireanaí ón Rialtas agus treoir a chur in iúl do na gníomhaireachtaí.

## Tuairisciú Airgeadais

Chloígh an tÚdarás le gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais sa bhliain 2021. Comhaontaíodh buiséad bliantúil don bhliain 2021 ag an gcéad chruinniú de chuid an Údaráis sa bhliain.

Chuir an Príomhfheidhmeannach cuntais bhainistíochta suas chun dáta i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis. Rinne na soláthraithe seirbhíse cuntasaíochta cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur faoi bhráid an Údaráis agus an Choiste Feidhmiúcháin ar fud na bliana. Cinntíonn sé sin go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ardbhainistíochta ar fhaisnéis ábhartha thráthúil airgeadais agus neamhairgeadais. Soláthraíodh na cuntais bhainistíochta don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin lena n-iniúchadh.

Rinneadh Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar Chuntais ÚRSD don tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi spriocdháta an 31 Márta 2021. Cheadaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an 15 Nollaig 2021. Ina dhiaidh sin, cuireadh na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, mar aon le Litir Uiríll shínithe, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire agus cóip den tuarascáil iniúchóireachta a bhí le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Frithsciúradh Airgid

Is é ÚRSD an t-údarás inniúil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú, do na habhcóidí uile sa Stát. Áirítear leo sin abhcóidí is comhaltaí den Leabharlann Dlí agus abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí. Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuardaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát. Is é ÚRSD an t-údarás inniúil do thart ar 3,000 abhcóide atá cláraithe ar an Rolla.

Ina cháil mar údarás inniúil, cuirtear de chúram ar ÚRSD faireachán a dhéanamh ar na soláthraithe seirbhíse dlí sin thuas a dtugtar “daoine ainmnithe” orthu agus bearta is gá go réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse dlí den sórt sin ceanglais Chuid 4 d’Acht 2010.

Tá sé mar fhreagracht ar sholáthraithe seirbhíse dlí den sórt sin gníomhú de réir na reachtaíochta frithsciúrtha airgid ábhartha ar fad a bhfuil feidhm aici maidir leo agus í a léiriú.

Ina cháil mar údarás inniúil, soláthraíonn ÚRSD treoir trína shuíomh Gréasáin do dhlí-chleachtóirí ábhartha maidir le forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na beartais agus nósanna imeachta ábhartha is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad na rialacháin maidir le *Frithsciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac*.

Faoi alt 65 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010, ceanglaítear ar ÚRSD cuntas ar a chuid gníomhaíochtaí a bhaineann le Frithsciúradh Airgid a chur ar áireamh sna tuarascálacha bliantúla uaidh. Sa bhliain 2021, rinne ÚRSD sraith doiciméad treorach d’abhcóidí a fhorbairt agus a uaslódáil chuig a shuíomh Gréasáin. Phoibligh ÚRSD an treoir sin trí chainéil meán sóisialta freisin.

Sa bhliain 2021, chuaigh ÚRSD isteach sa Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid a n-óstálann an Roinn Airgeadais é.

Rannchuidigh ÚRSD freisin le hathbhreithniú Choimisiún AE ar Chur Chun Feidhme an 4ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid. Cé gurb é an Dlí-Chumann an t-údarás inniúil d’aturnaetha fós, cuireadh ceangal ar ÚRSD sa bhliain 2020 athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacháin Aturnaetha (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2020, agus comhsheasmhacht a sholáthar le haghaidh thabhairt isteach na Rialachán.

## An Dlí Cánach

Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na hoibleagáidí go léir a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2021.

## Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá ÚRSD cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá Beartas Cosanta Sonraí ÚRSD ar fáil ar a shuíomh Gréasáin. Fuair ÚRSD sé Iarraidh Rochtana ó Ábhar Sonraí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2021.

Bhí 12 shárú sonraí ag ÚRSD sa bhliain 2021. Cinneadh aon cheann déag de na sáruithe sin a bheith ina sáruithe íseal-leibhéil. Measadh sárú amháin a bheith intuairiscithe don Choimisiún um Chosaint Sonraí.





## Gníomhartha Trédhearcachta

Tá Trédhearcacht agus Cuntasacht glactha ag an Údarás mar cheann amháin de na bunluachanna atá aige. Tá an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht i dtaca lena chuid oibre agus lena chinnteoireacht. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis agus na pointí gníomhaíochta a eascraíonn astu. Tá gealltanas tugtha ag ÚRSD freisin go bhfoilseoidh sé gach ceann de na tuarascálacha reachtúla arna n-ullmhú ag an Údarás nó thar a cheann. Cuirtear ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD freisin na haighneachtaí a dhéantar leis an Údarás mar chuid de chomhairliúcháin phoiblí.

Cuirtear faisnéis a bhaineann leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme an Achta le suíomh Gréasáin ÚRSD ar bhonn rialta. Is féidir na doiciméid go léir maidir le príomhbheartais inmheánacha a léamh ar an suíomh freisin.

## Iarrataí Saorála Faisnéise agus Ceisteanna Ginearálta

Comhlacht Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is ea ÚRSD. Fuair ÚRSD fiche iarraidh saorála faisnéise san iomlán faoin Acht sa bhliain 2020. Ba i gcomhréir leis an Acht a déileáladh leis na hiarrataí.

Maidir le ceisteanna agus iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta ón bpobal, ó na meáin, ó chomhaltaí de na gairmeacha dlí agus ó gheallsealbhóirí eile, is é an coiste feidhmiúcháin a admhaíonn iad agus a thugann freagra orthu. Tá sé mar chuspóir ag ÚRSD gach ceist agus iarraidh a admháil laistigh de thrí lá ó iad a fháil agus freagra substainteach a eisiúint, nuair is féidir, laistigh de 14 lá.

## An Ghaeilge

Sa bhliain 2020, cuireadh ÚRSD ar áireamh mar chomhlacht poiblí chun críocha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 faoi na *Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019 (I.R. Uimh. 230 de 2020)*. Cuireadh leaganacha Gaeilge de thuarascálacha agus de dhoiciméid treorach ar fáil sa bhliain 2021.

## Nochtadh Cosanta

Rinne ÚRSD Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta a thabhairt isteach. Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta do ÚRSD sa bhliain 2021. Rinneadh tuarascáil ina léirítear an staid sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

## Comhlíonadh an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ghlac ÚRSD an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2017. Chomhlíon ÚRSD an Cód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go hiomlán, gan an eisceacht seo a leanas a áireamh:

- **Níl aon nós imeachta Fostaíochta nó Comhairleoireachta tar éis Scor/Éirí as Oifig forbartha ag ÚRSD fós. Leagtar an ceanglas sin síos i mír 1.10 den Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.<br>Forbrófar an nós imeachta sa bhliain 2022.**

**TÁBLA 7: Iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2021**

| Tag. | Catagóir Iarrthóra | Géilleadh don iarraidh | Géilleadh go páirteach don iarraidh | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh | Tarraingíodh an iarraidh siar | Ag fanacht le cinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 | Dlí-Chleachtóir | | | | ✗ | |
| 02 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 03 | Duine den Phobal | | | | ✗ | |
| 04 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 05 | Dlí-Chleachtóir | ✗ | | | | |
| 06 | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 07 | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 08 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 09 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 10 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 11 | Dlí-Chleachtóir | ✗ | | | | |
| 12 | Dlí-Chleachtóir | ✗ | | | | |
| 13 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 14 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 15 | Dlí-Chleachtóir | | ✗ | | | |
| 16 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 17 | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 18 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 19 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 20 | Dlí-Chleachtóir | | | | ✗ | |





# Forbairtí Eagraíochta

Ar aon dul lenár bPlean Straitéiseach don tréimhse 2019-2022, thugamar sa bhliain 2021 faoi thuilleadh forbartha eagraíochta mar chuid dár n-iarrachtaí ÚRSD a bhunú mar údarás rialála lánfheidhmiúil atá neamhspleách agus éifeachtach, agus ardleibhéal seirbhíse ar ardchaighdeán á sholáthar de réir caighdeáin shainaitheanta thagarmharcáilte.

## Acmhainní Foirne

Déantar soláthar i bplean fórsa oibre ÚRSD do 51 bhall foirne chun ÚRSD a chumasú na feidhmeanna reachtúla atá aige a chomhlíonadh. Cuireadh tús le hearcaíocht sna míonna tosaigh den bhliain chun acmhainní soláthar foirne ÚRSD a thógáil.

Reáchtáladh aon chomórtas déag san iomlán sa bhliain 2021. Bhain siad le róil éagsúla do ÚRSD agus le ceapadh comhaltaí tuata chuig an gCoiste Athbhreithnithe agus chuig an gCoiste um Ghearáin.

Rinne níos mó ná 250 duine iarratas ar na folúntais sin. De bharr thionchar leantach phaindéim Covid-19, cuireadh gach feachtas ar siúl go cianda. Bhí 46 bhall foirne ag ÚRSD ag deireadh na bliana 2021. Ba mhéadú é sin ó 33 bhall foirne ag deireadh na bliana 2020. Tugtar miondealú sa tábla thíos ar ár líon foirne agus ár bhfolúntais sa bhliain 2021 de réir grád earnála poiblí.

**TÁBLA 8: Foireann ÚRSD sa bhliain 2021**

| Grád | 2021* |
|---|---|
| Rúnaí Cúnta | 1 |
| Príomhoifigeach | 2 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 7.3 |
| Comhairleoir Dlí | 2 |
| Aturnae Stáit | 9.6 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 7 |
| Taighdeoir Dlí | 1 |
| Bainisteoir Oifigeach | 1 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 0 |
| Oifigeach Cléireachais | 13.6 |
| **IOMLÁN** | **44.5** |

* *Tá an líon ball foirne ag teacht le socruithe postroinnte.*
*Is ionann 46 bhall foirne san iomlán agus 44.5 CL (Coibhéisí Lánaimseartha).*

## Bainistíocht Tinrimh agus Feidhmíocht

Cuireann gach ball foirne de ÚRSD bileoga oibre seachtainiúla faoi bhráid a mbainisteoirí. Cuirtear bileoga oibre míosúla faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna ansin. Taifeadtar obair foirne sna bileoga oibre, agus iad léirithe in aonaid 15 nóiméad. Mionsonraítear an méid ama a chaitheann baill foirne ar obair ar ghearáin, agus cabhraíonn sé sin le ÚRSD an tobhach bliantúil ar na gairmeacha a ríomh. Tugadh Córas Bainistíochta Ama Softworks isteach i mí an Mheithimh 2021, agus cabhróidh sé le ríomhanna agus cionroinnt don tobhach. Tá ag ÚRSD córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta don fhoireann ar fad, agus cuireadh oiliúint le linn na bliana ar na hearcaigh nua uile. Tá próiseas Bainistíochta Promhaidh i bhfeidhm le haghaidh gach baill foirne nua.

## Forbairt Leanúnach dár bhFoireann

D'fhreastail baill foirne ar lear cúrsaí oiliúna le linn na bliana 2021. Ba iad Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Feasacht ar Mhíchumas na cúrsaí ar ghá do gach ball foirne freastal orthu. Ar na cúrsaí oiliúna eile bhí Déileáil le Custaiméirí Achrannacha, Bainistíocht Daoine, Idirghabháil, agus Foirne a Bhainistiú go Cianda. Soláthraíodh oiliúint in Microsoft Excel agus Word freisin. Cuireadh seisiúin 'Lón agus Foghlaim' ar siúl sa bhliain 2021.

## Sláinte agus Sábháilteacht sa bhliain 2021, lena n-áirítear Covid-19

Sa bhliain 2021, d'oibrigh formhór na mball foirne de ÚRSD go cianda. Níor fhreastail ach líon teoranta ball foirne ar an oifig chun déileáil leis an bpost agus leis na fóin. Chabhraigh Aonad TFC na Roinne Dlí agus Cirt leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag baill foirne nua ar chórais ghnó ÚRSD ó thús a bhfostaíochta i leith. Chloígh ÚRSD leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus leis na Rialacháin fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloíomar le beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus sholáthraíomar oiliúint chuí, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta.

I samhradh na bliana 2021, rinneadh measúnú eirgeanamaíoch cianda ar stáisiúin oibre baile don fhoireann ar fad. Sainaithníodh riachtanais bhreise trealaimh tacaíochta agus soláthraíodh an trealamh sin don fhoireann sa bhliain 2021. Ar na tacaí folláine don fhoireann bhí comórtas Dúshlán Céimeanna don fhoireann agus oiliúint in athléimneacht a thógáil agus i gcásanna strusmhara a bhainistiú.

## An Dualgas Earnála Poiblí agus Cearta an Duine

Lean ÚRSD le comhlíonadh a dhéanamh ar a oibleagáidí do bhaill foirne agus do thomhaltóirí faoin Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.





## Teicneolaíocht Faisnéise

Tá Comhaontú Seirbhíse ag ÚRSD leis an Roinn Dlí agus Cirt. I mí Aibreáin 2020, chabhraigh Rannóg TF na Roinne leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag na baill foirne uile ar chórais inmheánacha ÚRSD chun go mbeadh siad in ann obair go sábháilte ón mbaile. Is é SharePoint ár gCóras Bainistíochta Cásanna sealadach le haghaidh gearán. Tá ÚRSD ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn chun réiteach fadtéarmach a fhorbairt, áfach.

## Éifeachtúlachtaí Fuinnimh

Tá oifig ÚRSD lonnaithe i mBóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7. Uasghrádaíodh an oifig sa bhliain 2020, tamaillín roimh thús phaindéim Covid-19. Ba mar thoradh air sin a tháinig feabhas ar an ráta BER, ó C2 go B2. Ós rud é nach raibh ach líon teoranta ball foirne ag freastal ar an áitreabh sa bhliain 2021, bhí an úsáid fuinnimh measartha íseal. Seoladh Feachtas Feasachta Fuinnimh don fhoireann ar fad chun leideanna sábhála fuinnimh a thabhairt le haghaidh na hoifige agus le haghaidh oifigí cianda na foirne. Leanfar sa bhliain 2022 le feachtais eile feasachta fuinnimh, leis an bhFoireann Ghlas agus le gníomhartha le haghaidh laghdú in astaíochtaí carbóin a chur chun feidhme ar aon dul leis an mbeartas Rialtais.

## Gníomhaíochtaí Soláthair

Ba ar aon dul le dlí an Aontais Eorpaigh agus le ciorcláin agus treoirlínte ón Rialtas a bhí an soláthar a rinneadh sa bhliain 2021. Féachann ÚRSD le tabhairt faoina sholáthar ar fad trí na Creat-Chomhaontuithe atá ar fáil tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais, nuair is indéanta.


## Íoc Pras Cuntas

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚRSD chun a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, nach mbeidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta ann. Níor tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí i leith aon sonrasc sa bhliain 2021.

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tháinig an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile ar bhonn tráthrialta sa bhliain 2021 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na mór-shaincheisteanna uile atá ábhartha d'oibriú éifeachtúil éifeachtach an Údaráis. Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an bhFoireann Ardbhainistíochta is ea faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnó Bliantúil do gach Rannóg a bhaint amach. Ábhar a pléadh go tráthrialta ba ea Sláinte agus Sábháilteacht i gcomhthéacs phaindéim Covid-19 ar mhaithe le sábháilteacht na foirne a chinntiú agus ar mhaithe lena chinntiú go gcoinneofaí leibhéil bharrmhaithe oibriúcháin gnó ar bun.

# Struchtúr Eagrúcháin






Tuarascáil Bhliantúil 2021 | ÚRSD

# An Fhoireann Ardbhainistíochta

## Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



### An Dr Brian Doherty
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Is é Brian Doherty Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí. Glaodh chun an Bharra é sa bhliain 1996. Chleacht sé ar dtús i mBéal Feirste. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann ar bhunú na hOifige sa bhliain 2000. Bhí sé ar dhuine de na chéad imscrúdaitheoirí is sibhialtaigh, ag obair dó ar líomhaintí mí-iompair a rinneadh i gcoinne Chonstáblacht Ríoga Uladh ar dtús agus i gcoinne Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2007, thug sé faoin bpost mar oifigeach imscrúdaithe sinsearach i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sular ceapadh é mar Leas-Stiúrthóir gníomhach Imscrúduithe. D'fhill sé ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann sa bhliain 2014 chun an Stiúrthóireacht Imscrúduithe Reatha a reáchtáil. Chuaigh Brian i mbun an phoist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2017.



### Ultan Ryan
*Rúnaí*

Chuaigh Ultan Ryan isteach sa Státseirbhís sa bhliain 1985 agus d'oibrigh sé don Phríomh-Oifig Staidrimh sular ghlac sé leis an ról mar anailísí córas sa Roinn Leasa Shóisialaigh sa bhliain 1992. D'aistrigh Ultan chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2000, áit ar oibrigh sé ar thionscadail Cheartais Trasteorann. Áiríodh leis na róil sin an ról mar Rúnaí don Choimisiún Cuimhneacháin. D'oibrigh Ultan mar bhainisteoir tionscadail agus mar bhainisteoir oibríochtaí leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha sular aistríodh é chuig ÚRSD i mí Eanáir 2017.

## An Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta



### Nuala Haughey
*Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta*

Ceapadh Nuala Haughey mar Cheann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta i mí na Samhna 2019. Tá cúlra Nuala fite fuaite san iriseoireacht agus san anailís beartais. Bhuaigh sí gradaim mar Chomhfhreagraí Gnóthaí Sóisialta do The Irish Times agus tá taithí fhairsing aici mar shainchomhairleoir cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach. D'oibrigh Nuala mar stiúrthóir cumarsáide polaitiúla, mar anailísí beartais agus mar thaighdeoir freisin.

## An Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach



### Tony Watson

***Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach***

Chuaigh Tony Watson isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 agus tá sé ar an gCeann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Cháiligh sé mar aturnae i Sasana agus d'oibrigh sé mar dhlítheoir i Londain. Bhog sé go hÉirinn sa bhliain 2005 agus chuaigh sé isteach sa Rannóg Gearán den Dlí-Chumann, áit a raibh sé ar an Leas-Cheann Gearán sula ndeachaigh sé isteach in ÚRSD. Tá taithí fhairsing ag Tony ar dhlíodóirí a rialáil agus ar ghearáin a imscrúdú agus a réiteach go háirithe.



### Eleanor Carmody

***Ceann ar an Aonad Gearán agus Réiteach***

Chuaigh Eleanor isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 mar Oifigeach Réitigh Gearán, agus ceapadh í mar Cheann ar an Aonad Gearán agus Réiteach i mí Feabhra 2020. Cháiligh Eleanor mar aturnae sa bhliain 1999 agus d'oibrigh sí go príomha mar thíolacóir i gcleachtas ginearálta i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Chuaigh sí isteach sa Dlí-Chumann sa bhliain 2008 agus d'oibrigh sí mar aturnae sa rannóg um Ghearáin agus Caidreamh Cliant, áit ar imscrúdaigh sí gearáin i gcoinne aturnaetha.

## An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha



### Deirdre Fleming

***Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha***

Ceapadh Deirdre Fleming mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá taithí shuntasach ag Deirdre ar sheirbhísí corparáideacha agus ar airgeadas laistigh den earnáil phoiblí, lena n-áirítear i dTithe an Oireachtais, sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus, rud ba dhéanaí fós, in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.



Tuarascáil Bhliantúil 2021 | ÚRSD

## An Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin



### Alison McIntyre

***Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin***

Ceapadh Alison Emily McIntyre mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus chuaigh sí i mbun an róil sin i mí an Mhárta 2020. Roimhe sin, bhí Alison ina Coimisinéir Cúnta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, áit ar oibrigh sí mar chomhairleoir dlí agus mar Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá taithí ag Alison ar obair a dhéanamh sa chleachtadh príobháideach agus in eagraíochtaí earnála poiblí.



### Padraig Langan

***Ceann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí***

Ceapadh Padraig Langan mar Cheann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí i mí Iúil 2018. Roimhe sin, d'oibrigh Padraig sa Phreasoifig sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Roimhe sin fós, d'oibrigh sé sa Rannóg Beartais Feola agus Bainne sa Roinn, áit ar ghnóthaigh sé taithí ar a bheith ag obair ar shaincheisteanna beartais. Tá Padraig ag obair san earnáil phoiblí le breis agus fiche bliain anuas.

## An tAonad Tacaíochta don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí



### Kay Lynch

***Cláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí***

Ceapadh Kay Lynch mar Chláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i mí Mheán Fómhair 2019. Sular ceapadh í, d'oibrigh Kay mar fheidhmeannach leis an mBinse Araíonachta Aturnaetha ón mbliain 2014 i leith. Is aturnae cáilithe í agus tá dioplómaí aici i Rialáil Ghairmiúil (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) agus i Scileanna Breithiúnacha agus Cinnteoireacht (Dlí-Chumann na hÉireann).

# Aguisín 1: Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2021

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 28 Eanáir | An 25ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 1 Feabhra | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí |
| 9 Feabhra | Cruinniú le hÓstaí an Rí inar tugadh an t-eolas is deireanaí |
| 16 Feabhra | Cruinniú le hÓstaí an Rí maidir le Bailiú Sonraí |
| 18 Feabhra | Cruinniú le EY Consultancy maidir le Barra na hÉireann |
| 26 Feabhra | Cuireadh na Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2020 faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt |
| 11 Márta | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí |
| 18 Márta | An chéad chruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2021 |
| 25 Márta | An 26ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 30 Márta | Cuireadh na Dréacht-Ráitis Airgeadais Athbhreithnithe don bhliain 2020 faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| 30 Márta | Cruinniú leis an gCoimisiún Eorpach maidir le Tuarascáil ar Fhorlámhas an Dlí, 2021, ón Aontas Eorpach |
| 7 Aibreán | Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Ghearáin sa bhliain 2021 ó ÚRSD faoi alt 73 den Acht |
| 15 Aibreán | Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 13 Bealtaine | D'oscail ÚRSD an comhairliúchán poiblí faoi alt 34 ar an Tuarascáil ar Bhacainní |
| 14 Bealtaine | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí |
| 3 Meitheamh | An 27ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 9 Meitheamh | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht ar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta do Sheisiún Faisnéise an Dlí-Chumainn do Chleachtais Bheaga |
| 28 Meitheamh | An dara cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2021 |



Tuarascáil Bhliantúil 2021 | ÚRSD

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 30 Meitheamh | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do sheimineár a d'óstáil Solicitors for the Elderly Ireland i gcomhpháirt leis an Dlí-Chumann |
| 30 Meitheamh | Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil alt 33 maidir le Beartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh ó ÚRSD |
| 7 Iúil | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí |
| 8 Iúil | D'oscail ÚRSD comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar Acht 2015 faoi alt 6 |
| 20 Iúil | Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis don bhliain 2020 |
| 3 Meán Fómhair | An tríú cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2021 |
| 8 Meán Fómhair | D'oscail ÚRSD comhairliúchán poiblí ar thuarascáil alt 34 ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir |
| 9 Meán Fómhair | An 28ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 9 Meán Fómhair | Cheap an tÚdarás seisear comhaltaí tuata nua chuig an gCoiste um Ghearáin faoi alt 69 den Acht agus cheap sé ceathrar comhaltaí nua chuig an gCoiste Athbhreithnithe faoi alt 62 den Acht |
| 7 Deireadh Fómhair | Foilsíodh an dara Tuarascáil ar Ghearáin sa bhliain 2021 ó ÚRSD faoi alt 73 den Acht |
| 7 Deireadh Fómhair | Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 18 Deireadh Fómhair | Thug ÚRSD faoin gcéad suirbhé cuimsitheach ar aturnaetha sóisir, ar abhcóidí sóisir agus ar fhochéimithe dlí le haghaidh Thuarascáil alt 34 ar Bhacainní |
| 27 Meán Fómhair - 1 Deireadh Fómhair | Ghlac an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Ceann ar an Rannóg Taighde páirt i gComhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, a cuireadh ar siúl ar líne |
| 12 Samhain | An ceathrú cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2021 |
| 18 Samhain | An 29ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 22 Samhain | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí |

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| **23 Samhain** | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht ar an Seimineár Gréasáin a sheol Mason Hayes and Curran ar 'Rialáil an Dlíodóra Inmheánaigh' |
| **25 Samhain** | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin óráid ag seoladh an 10ú Suirbhé Bliantúil ar Ghnólachtaí Dlí Éireannacha 2021-2022 arna reáchtáil ag Smith & Williamson |
| **25 Samhain** | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht forbartha gairmiúla leanúnaí ar an bpróiseas gearán do Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath |
| **13 Nollaig** | D'oscail ÚRSD comhairliúchán poiblí ar Bheartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh |
| **15 Nollaig** | Osclaíodh iarratais d'aturnaetha agus d'abhcóidí chun iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta |



An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dlí
Legal Services
Regulatory Authority

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí**
Aonad 1-3, Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir
Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7

**Postchód:** D07 K290
**Ríomhphost:** lsra-inbox@lsra.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.lsra.ie
**Twitter:** @LSRAIreland